# Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail Chill Chainnigh 2023 - 2028









LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chill Chainnigh
Kilkenny Local Community Development Committee

Comhairle Chontae Chill Chainnigh
Kilkenny County Council

Kilkenny THE BEST OF IRELAND

Bealtaine 2023

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá | 8 |
| 2. | Comhthéacs | 10 |
| 3. | Bonn Fianaise Socheacnamaíoch | 22 |
| 4. | Fís, Téamaí, Spriocanna Ardleibhéil agus Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe | 33 |
| 5. | Socruithe Cur Chun Feidhme | 46 |
| 6. | Monatóireacht agus Meastóireacht | 48 |

Aguisín 1: Gluais 52

Aguisín 2: Faisnéis maidir le Comhairliúchán Poiblí 56

Aguisín 3: Ballraíocht na struchtúr ábhartha 60

Aguisín 4: Ailíniú le RSES do Réigiún an Deiscirt 64

Aguisín 5: Gluais Acrainmneacha 66

# Teachtaireacht an Chathaoirligh

Fáiltím roimh an bPlean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail nua do Chontae Chill Chainnigh. Deis atá ann ár bhfís a athnuachan agus a atreorú mar aon le creat chun cur ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag tacú le fás inbhuanaithe ár ngeilleagair agus pobal áitiúil.

Tacaítear ann le cur chuige ionchuimsitheach maidir le fás agus leis na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis. Cuirtear san áireamh ann freisin an phráinn a bhaineann le gníomhaíochtaí dearfacha aeráide agus bithéagsúlachta a chur chun feidhme anois, ionas go mbainfidh ár bpobail ar fad, anois agus amach anseo, tairbhe as an rath a bheidh ar na gníomhaíochtaí seo.

Oibreoidh na Spriocanna Ardleibhéil, Aschuir agus Torthaí atá sonraithe againn i dteannta a chéile d'fhonn a chinntiú go mbeidh bonn gnó atá seasmhach, bisiúil agus inbhuanaithe sa Chontae. Cuirfidh sé ar ár gcumas cur le hacmhainn ár gcónaitheoirí, ionas gur féidir leo a rannpháirtíocht agus eispéireas i rith a saoil a fheabhsú beag beann ar na dúshláin aonair a d'fhéadfadh a bheith le sárú acu. Tá sé seo fíorthábhachtach más mian linn leanúint ar aghaidh ag déileáil le hiarmhairtí an díothaithe, agus lenár dtiomantas sláinte agus folláine daoine de gach aois inár bpobail a fheabhsú.

Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le baill uile an Choiste um Beartais Straitéiseacha d'Fhorbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta & Turasóireacht, Beartas Pleanála & Forbartha (SPC) agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) as forbairt an Phlean a threorú, i dteannta le treoiroifigigh na comhairle.

Bhí ról ríthábhachtach ag próiseas cuimsitheach rannpháirtíochta, inar taifeadadh tuairimí pobal agus gnóthaí atá lonnaithe sa Chontae, chun an uaillmhian agus na tosaíochtaí atá sonraithe sa LECP a fhorbairt. Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas agus molaim do dhaoine eile ar mian leo tacú le hathrú cur le seachadadh agus cur chun feidhme an Phlean. Táim ag súil le bheith ag obair libh ar fad amach anseo agus tionchair dhearfacha ár gcuid oibre a fheiceáil.



*An Comhairleoir Pat Fitzpatrick,*
*Cathaoirleach,*
*Comhairle Contae Chill Chainnigh*



# Ráiteas Comhpháirteach ó Chathaoirleach SPC1 An Comhairleoir Ger Frisby agus Cathaoirleach LCDC Declan Gibbons

Is é seo an dara Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail atá curtha i dtoll a chéile againn agus tá sé ag cur leis na héachtaí a baineadh amach mar thoradh ar an gcéad Phlean.

Le blianta beaga anuas, b'éigean dúinn dul i ngleic le dúshláin dhomhanda gan choinne, agus bhí na héifeachtaí a bhí ag na dúshláin sin le tabhairt faoi deara ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus bhí tionchar acu ar ár saol agus ar dhearcadh saoil gach duine agus gach gnó i gCill Chainnigh.

Deis ba ea athnuachan ár bPlean chun athrú a dhéanamh agus dírigh ar na sé bliana amach romhainn agus tairbhe a bhaint as na deiseanna atá á gcruthú ag an 21ú haois, aois ina bhfuil athruithe ag tarlú go tapa, agus ag an am céanna, ullmhú le haghaidh na ndúshlán a d'fhéadfadh a bheith le sárú againn.

Ag leibhéal náisiúnta, tá go leor machnaimh déanta ar iarrachtaí a chinntiú go mbeidh rath ar an obair atá á déanamh againn. Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide náisiúnta forbartha againn, Treochlár don Ionchuimsiú Sóisialta. Creat Éire na Sláinte agus Tionscadal Éireann 2040. Is ionann an Plean seo agus ár bhfreagairt áitiúil ar na straitéisí seo, agus fianaise freisin ar an tsoiléire a eascraíonn ón Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach (RSES) chun na cuspóirí spásúla a bhaineann le fás geilleagrach inbhuanaithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear an Beartas Náisiúnta Tús Áite do Lár Bailte. Cabhróidh sé lena chinntiú go bhfuil ar chumas ár ngnóthaí agus pobal ar fad a feidhmiú ar bhealach seasmhach agus nuálach, agus go bhfuil fonn orthu áit a chruthú a mbeimid ar fad bródúil aisti mar áit chónaithe agus áit oibre.

Tá fianaise ar fhairsinge a shainchúraim le fáil sna 10 Sprioc Ardleibhéil atá sonraithe i gcreat an Phlean. Tá siad bunaithe ar dhá cholún - geilleagrach agus pobail - ach tá siad nasctha lena chéile freisin, tá siad ag freagairt do shineirgí tábhachtacha agus don tiomantas uileghabhálach maidir le gníomhú ar son na haeráide. Tá uirlisí iontu a chuirfidh ar ár gcumas cistí poiblí atá ar fáil cheana féin a chomhordú chun a dtionchar a uasmhéadú, agus chun maoiniú comhlántach a mhealladh ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

Tá an Chomhairle agus an LCDC lántiomanta do sheachadadh an Phlean seo agus do Phlean Feidhmithe tionlacain 2023/2024. Is mian linn buíochas a ghabháil le baill an LCDC agus SPC1 as a dtacaíocht agus tiomanta leanúnach i ndáil le forbairt agus seachadadh amach anseo.

Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil leis an ranna ar fad den Chomhairle, grúpaí, páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí a chur in iúl go bhfuil freagracht orthu as gníomhaíochtaí aonair a threorú agus gealltanas a thabhairt maidir le próiseas de mhonatóireacht leanúnach chun tacú le mionleasú agus ord atosaíochta leanúnach. Beidh athruithe a chur i bhfeidhm ag brath ar dhíograis, dúthracht, obair chrua agus tiomantas d'fhorbairt ionchuimsitheach agus inbhuanaithe Chontae Chill Chainnigh.



*An Comhairleoir Ger Frisby*

*Cathaoirleach SPC1*



*Declan Gibbons*

*Cathaoirleach LCDC*

# Struchtúr LECP & Achoimre

Is é seo an dara Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (LECP) atá curtha i dtoll a chéile ag Cill Chainnigh. Cuireann sé leis an méid a cuireadh i gcrích i rith thréimhse an chéad Phlean, 2016 - 2021, agus is ionann é agus creat nua a bheidh mar bhonn le hathrú dearfach sa Chathair agus sa Chontae.

## Cuid 1: Fís, Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil

Sa chéad chuid dár bPlean sonraítear ar bhFís nua agus na Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil tionlacain. Is fianaise iad seo ar ár dtuiscint ar na fadhbanna agus deiseanna socheacnamaíocha bhfuil cur síos déanta orthu inár Ráiteas Socheacnamaíoch agus a bhfuil leagan achoimrithe díobh le fáil sa Phlean seo. Cuimsítear iontu tuairimí na gcónaitheoirí, gnóthaí agus páirtithe leasmhara ar fad a ghlac páirt i ndianphróiseas comhairliúcháin agus rannpháirtíochta in 2022.




## Físráiteas

*Faoin mbliain 2028 beidh Cill Chainnigh ag feidhmiú mar Chontae atá réidh don todhchaí dírithe ar an saoránach agus réidh le fáilte a chur roimh chách agus ag feidhmiú mar chontae atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, atá ag soláthar post, atá ag mealladh gnóthaí ardtáirgiúla, atá ag soláthar seirbhísí ionchuimsitheacha agus atá ábalta cruthaitheacht a cheiliúradh*

Ní féidir le Cill Chainnigh neamhaird a thabhairt ar an 21ú haois - aois ina bhfuil go leor athruithe ag tarlú go tapa. De réir mar a bheidh an contae ag teannadh le tréimhse an Phlean Áitiúil Gheilleagraigh agus Pobail nua, tá plean á fhorbairt againn atá réidh don todhchaí agus dírithe ar an saoránach, agus atá ag freagairt don dúshlán is suntasaí ar fad - an t-athrú aeráide; a thacóidh leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin; agus a leanfaidh le poist a sholáthar agus tionscail ardtáirgiúla cheannródaíochta a mhealladh nó a fhorbairt, fad is atá astaíochtaí ag laghdú.

Is mian linn é seo a dhéanamh i dteannta a chéile, fianaise ar an bpobal cairdiúil, dearfach agus tuisceanach atá forbartha anseo; is mian linn fáilte a fhearadh roimh chuairteoirí nua ar spéis leo áilleacht oidhreacht thógtha agus nádúrtha ár gcontae a bhlaiseadh; is mian linn tacú le féith na cruthaitheachta a cheiliúradh; is mian linn foireann oibre ardoilte agus táirgiúil a mhealladh, a choimeád agus a oiliúint a bheidh in ann freastal ar riachtanais athraitheacha an phobail trí chéile.
Cosúil le foireann imreoirí, is féidir linn go leor a chur i gcrích trí go leor rudaí beaga a dhéanamh go maith i dteannta a chéile.

Cuirfimid obair i gcrích ar mhaithe leis an bhfís seo a thabhairt chun beochta tríd an 10 Sprioc Ardleibhéil atá mínithe sa LECP seo a chomhlíonadh. Seo a leanas na 10 gCuspóir atá sonraithe:

## Téama 1: Athrú Aeráide

Sprioc 1: A chinntiú go dtacaítear leis an athrú aeráide, agus go bhfuil ár ngníomhaíochtaí agus idirghabhálacha ar fad leabaithe i ngach réimse den LECP chun cur ar bhealach dearfach leis an ngéarchéim dhomhanda aeráide agus bhithéagsúlachta atá ag cur isteach ar ár saoránaigh agus chun tacú le hÉirinn a spriocanna agus oibleagáidí aeráide agus bithéagsúlachta a chomhlíonadh

## Téama 2: Geilleagrach

Sprioc 2: Bonn gnó seasmhach, inbhuanaithe a fhorbairt agus tacú le gnóthaí nua agus le gnóthaí atá bunaithe cheana féin a bheith fiontrach agus tairbhe a bhaint as deiseanna nua

Sprioc 3: Tairbhe a bhaint as luach geilleagrach agus sóisialta oidhreacht thógtha agus nádúrtha Chill Chainnigh, mar aon lena cháil chultúrtha agus an méid atá á thairiscint sa chontae, agus le hearnálacha turasóireachta, cruthaitheacha agus cultúrtha an chontae a bhfuil borradh fúthu

Sprioc 4: A chinntiú go dtacaítear leis an ngeilleagar tuaithe agus le pobail thuaithe forbairt go hinbhuanaithe

Sprioc 5: Cur leis an líon daoine atá gníomhach sa gheilleagar sa Chontae trí rochtain ar an mbonneagar breisoideachais agus ardoideachais agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chinntiú do gach cónaitheoir in aois oibre ar mian leis nó léi obair a dhéanamh chun a c(h)áilíochtaí oideachais a fheabhsú agus na scileanna riachtanacha a shealbhú

## Téama 3: Pobal

Sprioc 7: Éagothroime a laghdú agus tacú leis an tábhacht a bhaineann le sláinte agus folláine agus an méid sin a chur chun cinn

Sprioc 8: An líon daoine atá ag déileáil le bochtaineacht a laghdú agus tacú le forbairt pobail, seasmhacht an phobail, ceartas aeráide, imeascadh, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht shóisialta

Sprioc 9: Acmhainn áitiúil mhéadaithe a fhorbairt agus an cumas infheistíocht shóisialta a spriocdhíriú a fheabhsú trí bhreis rannpháirtíochta le grúpaí pobail áitiúla a thacóidh le saoráidí, tacaíochtaí agus seirbhísí pobail feabhsaithe

Sprioc 10: Tacú le tacaíochtaí agus seirbhísí oiriúnacha pobail a sholáthar d'fhorbairtí tithíochta nua agus reatha

# Cuid 2: Plean Feidhmithe

Laistigh de shaolré ár gcéad Phlean, dhéileálamar le neart dúshlán gan choinne a d'eascair as imeachtaí domhanda. Tá iarracht

déanta againn, mar Chomhairle, i dteannta lenár bpáirtithe leasmhara déileáil leis na dúshláin sin agus tá iarracht déanta againn nuair ab fhéidir a chinntiú go gcuirtear dlús le pleananna dearfacha a rachaidh chun tairbhe daoine atá ina gcónaí agus ag obair sa Chathair agus sa Chontae.

Tharraing an t-eispéireas seo aird ar an tábhacht a bhaineann le creat soiléir, ach solúbtha, chun gníomhaíochtaí aonair a chur i gcrích, atá ag obair i dteannta a chéile d'fhonn a chinntiú go bhfuil ár ngnóthaí agus pobail chomh hullmhaithe agus chomh seasmhach agus is féidir leo ionas gur féidir leo freagairt do na fadhbanna ach do na dúshláin a eascraíonn ón athrú freisin.

Foilsítear an Plean Feidhmithe, ainneoin gur dlúthchuid den LECP seo é, mar dhoiciméad ar leith, fianaise ar a nádúr atriallach agus ar an bpointe gur cuireadh i dtoll a chéile é trí thacaíocht a fháil ó raon leathan eagraíochtaí comhpháirteacha agus páirtithe leasmhara. Sonraítear ann ár ngníomhaíochtaí tosaíochta atá le cur i gcrích i ndáil lenár bhFís agus Spriocanna. Tá tús áite tugtha againn do ghníomhaíochtaí a chreidimid a mbeidh an méid is mó tionchair acu. Táthar ag súil go mbeidh torthaí gach gníomhaíochta le tabhairt faoi deara sa chéad dhá bhliain dár straitéis agus táimid ag glacadh leis gur doiciméad beo é an Plean, rud a chiallaíonn gur féidir linn ár machnamh a dhéanamh ar chur i gcrích na ngníomhaíochtaí sainaitheanta agus gníomhaíochtaí nua a chruthú de réir mar is gá thar shaolré iomlán sé bliana an LECP.

Braithfidh seachadadh rathúil na ngníomhaíochtaí sainaitheanta ar shainaithint na ngníomhaíochtaí sin a bhfuil freagrachtaí ceannaireachta luaite leo agus a chuireann acmhainní ar fáil agus foinsí maoinithe breise a lorg de réir mar is gá. Soláthróidh an Chomhairle an tacaíocht a theastaíonn agus beidh sí freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus an Plean a oiriúnú de réir mar is gá chun freagairt d'athruithe, bacainní agus deiseanna.

# 1. Réamhrá

Is í an uaillmhian atá againn go mbeidh an LECP seo ag cabhrú le gach cónaitheoir, pobal, cuairteoir, fostaí agus fostóir i gCill Chainnigh chun barr a gcumais a bhaint amach agus cur ar an mbealach is fearr agus is féidir leo leis na hiarrachtaí a chinntiú go mbeidh todhchaí dhearfach á cruthú dár gContae thar shaolré an LECP seo agus ina dhiaidh sin.

## Cuspóir

Is é cuspóir an LECP, mar atá sonraithe in Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun tacú le forbairt gheilleagrach agus le forbairt áitiúil agus pobail i gCill Chainnigh,
thar thréimhse sé bliana, go díreach agus i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara forbartha geilleagraí agus pobail eile, a shonrú.

Níl aon amhras ach go mbeidh dúshláin agus deiseanna nua os ár gcomhair thar shaolré an LECP nua. Ainneoin nach bhfuilimid eolach ar go leor acu fós, tá a fhios againn go bhfuil freagracht orthu a chinntiú go gcabhraíonn an LECP nua linn tairbhe a bhaint as gach deis chun seasmhacht ár bpobal, gnóthaí agus oibrithe a fheabhsú.

Is léir freisin, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe agus na dtiomantas náisiúnta agus idirnáisiúnta, go mbeidh ról lárnach ag an LECP seo sna hiarrachtaí déileáil leis na dúshláin idirghlúine a bhaineann leis an athrú aeráide.

Is í an uaillmhian atá againn go mbeidh an LECP seo ag cabhrú le gach cónaitheoir, pobal, cuairteoir, fostaí agus fostóir i gCill Chainnigh chun barr a gcumais a bhaint amach agus cur ar an mbealach is fearr agus is féidir leo leis na hiarrachtaí a chinntiú go mbeidh todhchaí dhearfach á cruthú dár gContae thar shaolré an LECP seo agus ina dhiaidh sin.

## Plean bunaithe ar rannpháirtíocht

Tá an LECP seo ag cur leis an méid a sonraíodh sa doiciméad roimhe seo, LECP 2016-2021. Nuair a bhí tús á chur againn le forbairt an Phlean nua seo, thapaíomar an deis chun ár machnamh a dhéanamh ar an méid a bhí bainte amach againn ach chuireamar san áireamh, ainneoin dul chun cinn suntasach a bheith déanta againn, gurb ionann na mianta atá luaite i bhFís agus i Spriocanna an phlean a forbraíodh roimhe seo agus obair atá fós ar siúl.

Ceanglaíodh ar an LECP seo cloí le Treoirlínte Náisiúnta 2021 1. Tá léargas le fáil i bhFigiúr 1.1, i bhfoirm léaráide, ar an bpróiseas a leanamar nuair a bhí an LECP á fhorbairt againn.


Dlúthchuid de phróiseas forbartha an Phlean ba ea rannpháirtíocht. De réir Chéim 1 agus 2 den phróiseas thuasluaite, d'ullmhaigh agus chuaigh an Chomhairle i mbun comhairle
maidir le Ráiteas Socheacnamaíoch i rith shamhradh na bliana 2022. Tá cur síos déanta ar an gcur chuige comhairliúcháin agus ar na torthaí i Ráiteas Socheacnamaíoch Chill Chainnigh – Tuarascáil Chomhairliúcháin, atá iarcheangailte leis seo.

Go hachomair, bhí an comhairliúchán bunaithe ar shuirbhé bonnlíne (a bhí oscailte le haghaidh cúig seachtaine idir an 26 Lúnasa - an 30 Meán Fómhair 2022), ceardlann a raibh deis ag daoine freastal uirthi agus cúig cheardlann fhíorúla leis an bpobal agus le príomhghrúpaí páirtithe leasmhara.

Ba é an toradh a bhí ar an bpróiseas rannpháirtíochta seo comhaontú maidir leis na Spriocanna Ardleibhéil agus Cuspóirí gaolmhara arb ionann iad agus creat an LECP seo.

San áireamh i mbunú na dtorthaí ardleibhéil agus gníomhaíochtaí tosaíochta laistigh den Phlean Feidhmithe (Céim 3 agus 4 den phróiseas) bhí rannpháirtíochtaí ó pháirtithe leasmhara ar fud Chill Chainnigh, trí rannpháirtíochtaí duine le duine, a mbeidh ról ceannaireachta acu in uaillmhianta ár LECP a bhaint amach.

1 Rialtas na hÉireann (2021) Treoirlínte Pleananna Áitiúla Geilleagracha agus Pobail 2021




*Figiúr 1.1: Céimeanna Forbartha LECP*
Foinse: Treoirlínte LECP, 2021

# 2. Comhthéacs

Is é an aidhm atá leis an LECP seo freagairt ar bhealach réamhghníomhach do riachtanais agus deiseanna uathúla Chill Chainnigh, an Chathair agus an Contae. Tá níos mó mionsonraí maidir leis an méid is féidir a fhoghlaim ó na sonraí faoi shainmhínithe na ndeiseanna agus na ndúshlán seo le fáil sa chéad rannóg eile. Sula ndéantar é sin, áfach, tá eolas tosaigh maidir le Cill Chainnigh le fáil sa rannóg seo, eolas a bheidh feicthe go minic ag go leor páirtithe leasmhara a bhfuil an LECP seo in úsáid acu ach a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú leis an gcuid eile den Phlean seo a shoiléiriú.

Nuair a bhíonn an comhthéacs a shoiléiriú, ní mór aitheantas a thabhairt don phointe gurb ionann cabhrú le huaillmhianta áitiúla an LECP a bhaint amach agus an príomh-mheicníocht atá in úsáid ag an gComhairle chun tacú le gníomhaíochtaí ábhartha a eascraíonn as beartas Rialtais atá bunaithe cheana féin agus a bhunófar amach anseo. Leanfar le forbairt na mbeartas seo ach leagtar béim anseo ar na príomhdhoiciméid agus an gcaidreamh atá acu lenár LECP.

Ar an gcuma chéanna, cuirfidh an LECP ar chumas na Comhairle cabhrú le seachadadh pleananna agus straitéisí ag leibhéal réigiúnach. Áirítear anseo, ach níl sé teoranta do, na tosaíochtaí agus cuspóirí bunaithe laistigh den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach (RSES) do Réigiún an Deiscirt agus Plean Fiontraíochta Réigiún an Oirdheisceart atá bailí go dtí 2024. Sa rannóg seo déantar cur síos ar an gcaidreamh leis an leibhéal réigiúnach seo den straitéis agus de LECP.


## Eolas maidir le Cill Chainnigh

Is contae intíre meánmhéid é Contae Chill Chainnigh atá suite i Laighean theas, agus tá díreach faoi bhun 2,100 ciliméadar cearnach ar fad sa chontae. Is cuid é Contae Chill Chainnigh de Réigiún an Deiscirt, réigiún atá athstruchtúraithe, agus suite go straitéiseach sa chuid theas den stát. Tá rochtain dhíreach ón gcontae ar Mhuir Éireann, trí Chalafort Belview ar An tSiúir agus trí Ros Mhic Thriúin ar An Bhearú.

Is í Cathair Chill Chainnigh an lonnaíocht is mó sa chontae agus tá tionchar suntasach aici ar an ngeilleagar áitiúil. Tá an chathair seo gar do Bhaile Átha Cliath (115km) agus mórionaid uirbeacha eile lena n-áirítear Corcaigh (145km), Luimneach (110km) agus Port Láirge (48km). Chomh maith leis sin, tá Cill Chainnigh gar d'Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne (155km) agus Eorafort Ros Láir (105km).

Sníonn An Fheoir trí Chathair Chill Chainnigh agus roinneann sí an contae agus cruthaítear tuaisceart agus deisceart an chontae. Is teorainneacha nádúrtha iad An Bhearú agus An Fheoir ag an taobh thoir agus theas den chontae, faoi seach.




*Figiúr 2.1: Com*

## An LECP a ailíniú le tosaíochtaí ginearálta

De réir na dTreoirlínte, tá ár LECP deartha againn d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé ailínithe le agus ag cur leis na straitéisí agus tosaíochtaí aitheanta bunaithe ar scála náisiúnta agus réigiúnach, agus lenár bPlean Forbartha Cathrach agus Contae féin. Tá achoimre déanta againn ar phríomhphointí comhsheasmhachta agus ailínithe sa rannóg seo, agus cuireadh san áireamh go n-eascraíonn an LECP
i dteannta le pleananna agus straitéisí áitiúla eile ón gcreat níos leithne atá ag tacú le fís an Rialtais maidir le bunathrú náisiúnta.

## Tosaíochtaí náisiúnta

### Bunathrú náisiúnta agus difríochtaí geografacha a chur san áireamh

Glactar leis an LECP seo mar chuid de phróiseas foriomlán do bhunathrú náisiúnta atá sonraithe i dTionscadal Éireann 2040 agus atá ag tacú le doiciméid beartais náisiúnta lena n-áirítear an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP), mar aon le Tithíocht do Chách: Plean Tithíochta Nua d'Éirinn.

Soláthraítear fís gheografach shoiléir sna doiciméid beartais náisiúnta seo a thacóidh le hathrú a dhéanamh. Tá Cill Chainnigh suite laistigh de Réigiún an Deiscirt mar atá sonraithe sa NPF. Síneann Réigiún an Deiscirt thar 3 Cheantar Pleanála Straitéiseacha (SPA) a áirítear iontu na 3 chathair seo a leanas: Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge, cathracha atá ainmnithe mar Cheantar Uirbeach. Sainaithnítear Port Láirge mar cheantar Cathrach & Uirbeach agus Cathair Chill Chainnigh mar 'Príomhbhaile' sa RSES. Sonraítear sa NPF ainneoin go bhfuil struchtúr uirbeach láidir ag réigiún an Oirdheiscirt, go bhfuil cuma thuaithe ar go leor den cheantar agus go bhfuil cuid den talamh talmhaíochta is táirgiúla ann.

Sainaithnítear sa NPF roinnt deiseanna réigiúnacha tábhachtacha a bhaineann le fás atá dírithe ar nascacht náisiúnta agus idirnáisiúnta láidir, go háirithe trí chalafoirt atá gar do Mhór-roinn na hEorpa; a threisíonn na hInstitiúidí Ardoideachais (HEInna); agus a chinntíonn tuilleadh cothromaíochta fos idir fostaíocht agus forbairt tithíochta i bpríomhlonnaíochtaí agus bailte contae, agus glactar leis go bhfuil Cathair Chill Chainnigh san áireamh anseo. Cuirtear san áireamh nach mór go mbeadh a leithéid d'fhás bunaithe ar bhonneagar agus ar chaighdeán beatha, seachas comaitéireacht fad-achair go Baile Átha Cliath.

> *Tacóidh an LECP leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gComhairle faoi láthair gealltanas a thabhairt maidir le spriocanna áitiúla a bheidh mar bhonn le todhchaí níos dearfaí a chinntiú dár gcónaitheoirí agus fostaithe ar fad.*

Tá an LECP seo ag tacú leis na prionsabail spásúla seo trí aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le hathrú a chothromú ina ngeografaíochtaí d'fhonn a chinntiú go mbaineann an Chathair agus ár lonnaíochtaí tuaithe tairbhe as athrú i dteannta a chéile, agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil naisc fhisiciúla agus fhíorúla á bhfeabhsú chun líon níos mó cónaitheoirí a spreagadh chun a saol oibre a chaitheamh sa Chontae agus chun maireachtáil sa Chontae freisin.

### Freagairt d'éigeandáil Aeráide agus Bhithéagsúlachta

Cuirtear san áireamh sa LECP seo an tábhacht a bhaineann le creat a sholáthar trína thacaítear leis an bpróiseas náisiúnta a bhaineann le bonn reachtúil a fhorbairt d'idirghabháil athraithe aeráide, lena n-áirítear an Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus cur chun feidhme leanúnach na bPleananna Athraithe Aeráide ag leibhéal áitiúil.

Tacóidh an LECP leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gComhairle faoi láthair gealltanas a thabhairt maidir le spriocanna áitiúla a bheidh mar bhonn le todhchaí níos dearfaí a chinntiú dár gcónaitheoirí agus fostaithe ar fad.

Tacaíonn an LECP le fás ár ngeilleagair áitiúil agus ár ndaonra ach chomh maith leis sin tá sé mar aidhm leis a chinntiú go mbaintear an méid sin amach fad is atá ár n-oidhreacht agus bithéagsúlacht nádúrtha á cosaint agus á feabhsú.




*Cuirtear san áireamh sa LECP an tábhacht a bhaineann le foireann oibre leis na scileanna agus saineolas atá riachtanach chun freagairt do riachtanais ghnó atá ann faoi láthair, agus deis a thabhairt dóibh fás agus infheistíocht a dhéanamh, agus glúnta breise d'fhostóirí móra a bhfuil próifíl ard acu a mhealladh chuig an gContae.*

Geilleagar náisiúnta níos seasmhaí a chruthú

Trí na dúshláin gheilleagracha a bhí le sárú le blianta beaga anuas a chur san áireamh, cuirtear san áireamh sa LECP na gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí a forbraíodh ag leibhéal náisiúnta chun cabhrú le hÉirinn geilleagar náisiúnta níos seasmhaí a chruthú, agus an tábhacht a bhaineann leis an ngeilleagar tuaithe sa chomhthéacs seo a chur san áireamh.

Sonraítear ann conas a éireoidh linn gníomhaíochtaí ábhartha a fhorbairt a eascróidh ón bPlean Náisiúnta Teacht Aniar agus Téarnaimh, an Plean Náisiúnta um Théarnamh Geilleagrach agus Ár dTodhchaí Tuaithe – Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025. Tá ról lárnach ag an mbeartas dar teideal Tús Áite do Lár Bailte agus tacaíonn sé le hathnuachan agus le forbairt bailte agus sráidbhailte tuaithe ionas gur féidir leo tacú leis an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta agus daoine a chumasú agus a spreagadh chun a saol oibre a chaitheamh sa cheantar áitiúil agus chun maireachtáil sa cheantar áitiúil freisin. Cuirtear san áireamh an tábhacht a bhaineann le foireann oibre leis na scileanna agus saineolas atá riachtanach chun freagairt do riachtanais ghnó atá ann faoi láthair, agus deis a thabhairt dóibh fás agus infheistíocht a dhéanamh, agus glúnta breise d'fhostóirí móra a bhfuil próifíl ard acu a mhealladh chuig an gContae.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Mar atá sonraithe in airteagal 66B d'Acht um Athchóiriú, 2014, dá dtagraítear thuas, forbraíodh an LECP laistigh de chomhthéacs na bprionsabal d'fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áiríter an 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) atá sonraithe i gClár Oibre Forbartha Inbhuanaithe 2030 na Náisiún Aontaithe.

Tá breithniú iomlán déanta ar na spriocanna ginearálta seo agus tá fianaise orthu le fáil sna Spriocanna Ardleibhéil geilleagracha agus pobail atá sonraithe againn dúinn féin.




*Figiúr 2.2: Na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe*



*"Cuirfidh an LECP seo ar chumas daoine a dteastaíonn an méid is mó tacaíochta uathu chun barr a gcumais a bhaint amach i gCo. Chill Chainnigh trí bhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar a gcuid riachtanas agus ar an tacaíocht chomhtháite is féidir a sholáthar."*

## Cuimsiú Sóisialta

Baineann tábhacht ar leith fós le déileáil le hiarmhairtí na bochtaineachta agus tacú le cuimsiú sóisialta sa chás go bhfuil agus go mbeidh tionchar ag iarmhairtí imeachtaí geilleagracha domhanda níos ginearálta ar dhaoine aonair, teaghlaigh agus pobail. Cheadaigh an Rialtas 'An Treochlár don Chuimsiú Sóisialta 2020-2025' agus foilsíodh é i mí Eanáir 2020. Is í príomh-uaillmhian an fhoilseacháin, 'bochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú go dtí 2% nó níos lú agus a chinntiú go n-áireofar Éire i measc ceann de na tíortha is cuimsithí go sóisialta san AE'.

Tarraingítear aird sa Treochlár ar an tábhacht a bhaineann le glacadh leis nach féidir folláine duine a thomhas go simplí trí thagairt a dhéanamh do bhearta ioncaim choibhneasta, a úsáidtear go minic chun bochtaineacht a chatagóiriú. Seachas sin, ní mór smaoineamh ar fholláine an duine ar bhealach níos iomlánaíche agus tithíocht, sláinte, pobal, oideachas agus teaghlach a chur san áireamh.

Tá aitheantas á thabhairt ar bhonn leanúnach do nádúr idirghaolmhar riachtanas agus tacaíocht ghaolmhar do theaghlaigh, iad siúd atá faoi mhíchumas agus grúpaí leochaileacha eile i leithdháileadh an airgid spriocdhírithe agus an gealltanas maidir leis an uaillmhian thuasluaite a chomhlíonadh. Cuirfidh an LECP seo ar chumas daoine a dteastaíonn an méid is mó tacaíochta uathu chun barr a gcumais a bhaint amach i gCo. Chill Chainnigh trí bhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar a gcuid riachtanas agus ar an tacaíocht chomhtháite is féidir a sholáthar.


POLL AN EASA


NO NAKED LIGHTS
NO SMOKING
NO FLAMES
D.WALSH
D.WALSH

## Tosaíochtaí réigiúnacha

Is ionann an LECP seo, an creat d'fhorbairt gheilleagrach agus pobail sa limistéar údaráis áitiúil, agus an príomhshásra atá in úsáid ag leibhéal áitiúil chun dlús a chur le gníomhaíochtaí ábhartha atá ag eascairt as an straitéis náisiúnta, ach níos tábhachtaí fós, straitéisí agus beartais réigiúnacha a bhfuil sainchúram áitiúil luaite leo. Áirítear ina measc, an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach (RSES) do Réigiún an Deiscirt, mar shampla.

Tá 11 ráiteas sa RSES, a bhfuil sé mar aidhm leo tacú leis an Straitéis a chumasóidh Réigiún atá Láidir, Seasmhach agus Inbhuanaithe a fhorbairt.

Seo thíos na hearnálacha ábhartha:

(i) Dlúthfhás

(ii) Inrochtaineacht Réigiúnach Feabhsaithe

(iii) Geilleagair agus Pobail Thuaithe Níos Láidre

(iv) Soghluaisteacht Inbhuanaithe

(v) Geilleagar Láidir

(vi) Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán

(vii) Éagsúlacht, Teanga, Cultúr agus Feabhsú na hOidhreachta

(viii) Sochaí Ísealcharbóin, Aeráidseasmhach agus Inbhuanaithe

(ix) Forbairt Ibhuanaithe atá Pleanáilte agus Bunaithe ar Bhonneagar

(x) Réigiún Sláintiúil agus Foghlama

(xi) Réigiún Idirnáisiúnta Cuimsitheach

Chun tacú leis na huaillmhianta seo, tarraingítear aird sa RSES ar na 5 phrionsabal gheilleagracha seo a leanas.




*Figiúr 2.3: 5 phrionsabal Straitéis Gheilleagrach RSES*

Is é atá mar aidhm le Straitéis Gheilleagrach RSES agus Tionscnamh Réigiún Cliste an Deiscirt tacú le háiteanna níos fearr, inchónaitheacht agus ardchaighdeán beatha trí rannpháirtíocht agus comhoibriú gníomhach, pobail nasctha le béim ar shoghluaisteacht, timpeallacht, cruthaitheacht agus folláine atá nasctha le húsáid teicneolaíochta agus digitiú mar uirlis chun dúshláin réigiúnacha/áitiúla a réiteach.

Tugtar aitheantas ar leith sa RSES do ról na turasóireachta, na fiontraíochta agus an tionscail i gCill Chainnigh i gcomhthéacs an gheilleagair réigiúnaigh trí chéile, agus cuirtear san áireamh na láidreachtaí agus poitéinseal a bhaineann leis an gceantar faoi láthair, a bhfuil an LECP seo ag freagairt dó.

Baineann tábhacht ar leith i gCill Chainnigh le comhoibriú le húdaráis áitiúla Réigiún an Deiscirt maidir le príomhthionscadail bhonneagair agus feabhsaithe réigiúnaigh. Ainneoin go bhfuil an LECP seo dírithe ar ár n-údarás féin cuirtear san áireamh ann an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le comhoibriú réigiúnach.

Cuimsítear i bPlean Fiontraíochta Réigiún an Oirdheiscirt, idir seo agus 2024, tionscadail agus tionscnaimh a bhaineann leis na ceithre chontae san Oirdheisceart a bhfuil sé mar aidhm leo tacú leis na cúig cholún straitéiseacha:

1 Céimeanna tosaigh agus fás: Tacú le fiontraíocht agus an córas atá bunaithe sa réigiún do ghnólachtaí nuathionscanta a fheabhsú

2 Fás glas: A chinntiú go bhfeidhmíonn an geilleagar glas mar fhoinse spreagtha do chruthú post agus d'fhás geilleagrach sa réigiún

3 Speisialtóireacht chliste agus braisliú: Baineann tábhacht ar leith le prionsabail na speisialtóireachta cliste agus an bhraislithe sa réigiún ionas gur féidir geilleagar seasmhach, cuimsitheach, inbhuanaithe agus iomaíoch a chruthú

4 Nuálaíocht: Cur leis an acmhainn Taighde, Forbartha & Nuálaíochta atá forbartha againn go dtí seo agus a chinntiú go mbeidh ról lárnach ag nuálaíocht i ngeilleagar réigiún an Oirdheiscirt

Cuirtear na colúin seo san áireamh sa LECP seo mar aon leis an raon gníomhaíochtaí atá beartaithe a aithint sa Phlean. Áirítear ina measc, tacaíocht a sholáthar chun deis a thabhairt do réigiún an Oirdheiscirt feidhmiú mar cheann scríbe do smaointeoireacht atá bunaithe ar dhearadh, nuálaíocht dearaidh, oideachas agus oiliúint agus forbairt ceithre mhicreabhraisle Réigiúnacha san réimsí seo a leanas mar shampla: Cógaisíocht, Déantúsaíocht Bharainneach, Margaíocht Ghlas agus Dhigiteach, mar shampla. Gníomh tábhachtach eile i gcomhthéacs Chill Chainnigh bunaithe ar a láidreachtaí geilleagracha é an gealltanas maidir le scrúdú a dhéanamh ar an deis a bhaineann le hIonad Bairr Feabhais Seirbhísí Airgeadais a fhorbairt sa réigiún.

I measc na ndeiseanna eile a sainaithníodh do chomhoibriú geilleagrach tá Mótarbhealach M9 - Port Láirge-Cill Chainnigh-Ceatharlach-Baile Átha Cliath/an Gréasán iarnróid, atá aitheanta sa RSES. Tá cúig thosaíocht réigiúnacha bhreise aitheanta ag fóram First Citizens lena n-áirítear béim ar fheabhsú Oifig IDA;
infheistíocht sna calafoirt san Oirdheisceart (Belview agus Ros Láir); an tionscadal uasghrádaithe ar an N24/N25 agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU). Tacaíonn an LECP leis na hinfheistíochtaí seo lena mbaineann suntas réigiúnach agus déantar iarracht ann a chinntiú go mbaineann cónaitheoirí agus gnóthaí atá bunaithe agus a bhunófar amach anseo sa Chontae tairbhe astu.

Aithnítear sa RSES, sa bhreithniú a dhéantar ar phobal agus ar áiteanna sa réigiún, agus sa chur chuige trí chéile maidir le forbairt, Cill Chainnigh mar Phríomhbhaile ó tharla ról a bheith aige mar thiománaí réigiúnach féinchothabhálach agus mar mhór-ionad chomh fada is a bhaineann le seirbhísí poiblí a sholáthar,
mar aon lena ról geilleagrach agus gnó agus feidhm mhiondíola ardoird. Tacaíonn Beartas RPO 11 de RSES leis an údarás áitiúil díriú ar fhás daonra de idir 30% agus 40% i gCathair Chainnigh idir seo 2040, faoi réir anailís ar acmhainn agus inbhuanaitheacht. Tacaíonn Beartas RPO 12 'Cathair Chill Chainnigh' leis an gCathair tairbhe a bhaint as a suíomh straitéiseacha agus inrochtaineacht chuig Calafort Phort Láirge & Eorafort Ros Láir, Aerfort Phort Láirge agus cur lena láidreachtaí bunúsacha lena n-áirítear na hearnálacha airgeadais, teicneolaíochta agus cruthaitheacha, scileanna, nuálaíocht agus fiontraíocht, turasóireacht agus seirbhísí miondíola.

Ag teacht leis an aitheantas ag leibhéal náisiúnta atá á thabhairt do thábhacht an gheilleagair tuaithe,
aithnítear sa RSES an tábhacht a bhaineann le forbairt thuaithe inbhuanaithe agus athbheochan bailte beaga agus sráidbhailte, fianaise ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil roghanna iompair inbhuanaithe ar fáil do gach pobal.

Chomh maith leis, aithnítear agus tacaítear sa LECP seo le tosaíocht aitheanta sa RSES - Ceantar Uirbeach Comhlárnach Cothromaithe do Phort Láirge - a fhorbairt, lena n-áirítear forbairt shuntasach a dhéanamh ag an taobh ó thuaidh de An tSiúir. Cuirtear san áireamh anseo go bhfuil codanna de Cheantar Uirbeach Phort Láirge, lena n-áirítear Port an Chalaidh agus Belview, laistigh de dhlínse na Comhairle agus go sonraítear i bPlean Straitéiseach Cheantar Uirbeach Phort Láirge (MASP) príomhchuspóirí d'fhostaíocht agus d'fhás daonra sa Cheantar Uirbeach seo. Mar Chathair Réigiúnach Scála, bunaítear in MASP Phort Láirge méadú daonra spriocdhírithe de 55-60% idir seo agus 2040.

Tarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas, uasoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil sa réigiún i bpáipéar atá curtha i dtoll a chéile ag Comhthionól Réigiúnach an Deiscirt dar teideal 'Towards a Learning Region' (2022). Cuirtear san áireamh anseo
go mbeidh ról lárnach ag bunathrú bhonn Caipitil Dhaonna an réigiúin, eadhon na scileanna, cumas agus eolas an phobail, chomh fada is a bhaineann le tacú le bunathrú leanúnach an Réigiúin agus a chinntiú go mbeidh geilleagar eoloasbhunaithe agus ardluacha á chruthú. Cuirtear an ról ríthábhachtach atá ag foghlaim ar feadh an tsaoil chun déileáil le ganntanas scileanna agus seasmhacht agus acmhainn i measc na foirne oibre a fhorbairt, agus éilíonn sé sé seo forbairt leanúnach a dhéanamh ar na scileanna agus na cúrsaí oideachais atá á dtairiscint sa Réigiún.

Ar an gcuma chéanna, ó thaobh cúrsaí timpeallachta de, tacaíonn RSES agus straitéisí réigiúnacha eile leis an mBonneagar Gormghlas & Bithéagsúlacht, agus 'Ár Réigiún Glas: Bonneagar Gormghlas agus Creat Réiteach Nádúrbhunaithe do Réigiún an Deiscirt' – tionscnamh réigiúnach suntasach a foilsíodh in 2022. Áirítear sa LECP na deiseanna atá ar fáil i gCill Chainnigh chun cur leis na tionscnaimh réigiúnacha seo.

Ar an gcuma chéanna, áirítear sa LECP seo go bhfuil tacaíocht shoiléir ar fáil ag leibhéal réigiúnach chun tairbhe a bhaint as buntáistí geilleagracha agus sóisialta na tairisceana turasóireachta láidir. Tá Plean Gníomhaíochta Turasóireachta d'Oirthear Ársa na hÉireann
forbartha ag Fáilte Éireann don réigiún agus táthar ag leanúint le hobair a bhaineann le críoch a chur leis an bplean straitéiseach idirghaolmhar do Thurasóireacht i gCill Chainnigh, agus táthar ag glacadh leis mar cheann scríbe idirnáisiúnta i rith na bliana.

Tacóidh an Chomhairle, tríd an LECP seo, leis na tosaíochtaí seo a bhfuil cur síos déanta orthu sa RSES agus i straitéisí réigiúnacha eile, lena n-áirítear na réimsí tosaíochtaí sainaitheanta - tionscadail infheistíochta agus bhonneagair - d'fhonn a chinntiú go bhfuil tionchair dhearfacha le feiceáil. Chomh maith leis sin, freagraítear sa LECP d'uaillmhianta sonraithe maidir le tacú le fás, lena n-áirítear daoine nua a choimeád agus a mhealladh chun a cháil mar áit dheas chun a bheith ag obair agus ag maireachtáil inti.

## Tosaíochtaí áitiúla

Tá an LECP seo comhsheasmhach le croístraitéis agus cuspóirí Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021- 2027 agus cabhróidh cur chun feidhme Phlean Chorparáidigh 2019-2024 le gníomhaíochtaí atá sainaitheanta agus á bhforbairt laistigh de na doiciméid seo a chur i gcrích. Tacóidh sé le Ráiteas Misean na Comhairle
laistigh den Phlean Cathrach agus Contae chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 'pobail atá inbhuanaithe, nasctha, rathúil ó thaobh an gheilleagair de agus bródúil a fhorbairt agus ag an am céanna an t-athrú aeráide a leabú i ngach beartas agus seirbhís'.

Sa chomhthéacs seo, tacóidh sé le tairbhe gheilleagrach agus shóisialta a bhaint as an mbonneagar nua agus as forbairt chónaithe agus thráchtála ar bhealach inbhuanaithe, tacóidh sé le dlúthfhás Chathair Chill Chainnigh, Port an Chalaidh/Belview (mar chuid de MASP Phort Láirge), na Bailte Ceantair, na lonnaíochtaí eile san ordlathas spásúil agus trínár ngeilleagair agus pobail thuaithe a threisiú.

Cuirtear san áireamh ann straitéis gheilleagrach an Phlean Forbartha agus sainaithint na n-earnálacha tionscail a mbeidh ról lárnach acu i bhforbairt gheilleagrach agus fás fostaíochta amach anseo. Seo thíos na hearnálacha ábhartha: Seirbhísí Airgeadais, Teicneolaíocht, Déantúsaíocht, Talmhaíocht & Bia, na Tionscail Chruthaitheacha, Turasóireacht & Fáilteachas agus Oideachas Tríú Leibhéal. Chomh maith leis sin, cuirtear san áireamh an tuiscint a léirítear sa Phlean maidir leis an ról ríthábhachtach atá ag an earnáil mhiondíola i ngeilleagar an cheantair, go háirithe trí thacú le beocht agus inmharthanacht lár na mbailte atá bunaithe cheana féin agus Cathair Chill Chainnigh.

Anuas air sin, sa LECP ailínítear roinnt straitéisí áitiúla eile atá bunaithe ar ábhair ar leith, agus déanfar roinnt acu a athnuachan agus a leasú i rith shaolré an LECP. Tá fianaise ar an gcaidreamh leis na doiciméid seo agus na leaganacha díobh a fhorbrófar amach anseo le fáil sa Phlean Feidhmithe,
ina dtagraítear do chur i gcrích na straitéisí agus na bpleananna seo mar roinnt de na gníomhaíochtaí tosaíochta sainaitheanta.

## Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA)

Tá próisis scagtha bunaithe ar Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA) déanta mar chuid den LECP a raibh sé mar aidhm leo cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh measúnaithe mionsonraithe. Tá na Tuarascálacha Scagtha a ullmhaíodh ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus cinneadh sna tuarascálacha seo nach raibh gá le SEA nó AA.




01
Help us shape a plan for your future
02
Socio-economic Highlights
03
Local Economy
04
Local Economy
Turley


Local Economy
04
05
06
07
08
Turley

# 3. Bonn Fianaise Socheacnamaíoch


D'fhoilsíomar an leagan deiridh dár Ráiteas Socheacnamaíoch i mí na Nollag 2022. Tá an Ráiteas iomlán ar fáil anois agus tá leagan foilsithe ar fáil freisin. Tá na buaicphointí socheacnamaíocha agus an anailís LLDB le fáil thíos. Bhí siad seo mar bhonn le fís agus spriocanna an LECP seo, agus tá míniú níos iomláine ar an bpróiseas le fáil sa Tuarascáil Chomhairliúcháin iarcheangailte.

## Buaicphointí Socheacnamaíocha

### Déimeagrafaic agus Tithíocht

I láthair na huaire, tá thart ar 103,685 duine ina gcónaí i gContae Cill Chainnigh, bunaithe ar réamhthorthaí Dhaonáireamh 2022[2]. Ainneoin go bhfuil an daonra méadaithe ó rinneadh an Daonáireamh deiridh in 2016, bhí an ráta fáis (4.5%) cothrom leis an dara ráta fáis is ísle sa 26 contae sa stát, beagán chun cinn ar Chontae Dhún na nGall. I gcodarsnacht leis sin, d'fhás daonra an Stáit thart ar 7.6% i rith na tréimhse seo.

Bhain thart ar 61% den fhás daonra a taifeadadh i gContae Chill Chainnigh idir blianta an Daonáirimh le méadú nádúrtha, de bhrí gur taifeadadh níos mó breitheanna ná básanna. Glanfhigiúirí imirce isteach ba chúis leis an méadú eile, ainneoin gur díol suntais é – léirithe i bhFigiúr 3.1, áit a bhfuil “KK” ag freagairt do Chill Chainnigh – go raibh an glanráta imirce isteach réasúnta íseal i gcomparáid le contaetha eile, bunaithe ar ráta caighdeánaithe le haghaidh gach 1,000 cónaitheoir.





*Figiúr 3.1: Meánmhéadú Nádúrtha Bliantúil agus Glanráta Imirce Measta do gach 1,000 Cónaitheoir (2016-22)*
Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tá roinnt réamh-mheastachán oifigiúil sonraithe sa RSES, a d'fhorbairt An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), atá bunaithe ar an mbliain 2016 ach a dtugtar le fios iontu go bhféadfadh thart ar 110,000 cónaitheoir a bheith i gContae Chill Chainnigh faoin mbliain 2026. Tá an réamh-mheastachán seo eachtarshuite ag an gComhairle chun a mheas go bhféadfadh thart ar 111,077 cónaitheoir a bheith sa chontae in 2027, agus go bhféadfadh thart ar 112,154 cónaitheoir a bheith ann in 2028 – an bhliain deiridh atá le clúdach sa LCEP nua – bunaithe ar an loighic chéanna[3]. Chiallódh sé sin go mbeadh an daonra thart ar 8.2% níos mó ná mar a bhí in 2022.

2 CSO (2022) Daonáireamh 2022 - Réamhthorthaí

3 Ríomh an Chomhairle an meánfhás daonra bliantúil idir 2016 agus 2026 (1,077) agus suimíodh na figiúirí le chéile chun meastachán le haghaidh 2027 a sholáthar, agus tá an rud céanna déanta anseo chun meastachán le haghaidh 2028 a sholáthar

Bhí cónaí ar chónaitheoirí i gceann den 41,279 teaghais a bhí le fáil sa Chontae in 2022, agus mhéadaigh an stoc tithíochta thart ar 5.2% ó 2016[4]. Is ionann é seo agus ráta fáis a sháraigh gach contae ach amháin 10 gcontae as measc 26 contae an stáit, ráta fáis a bhí gar do mheánfhigiúr an stáit, 6.0%.




*Figiúr 3.2: Fás an Stoic Tithíochta a Thagarmharcáil (2016-22)*
Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

4 CSO (2022) Daonáireamh 2022 - Réamhthorthaí


Taifeadadh thart ar 1,619 teaghlach ar Liosta Tithíochta Chontae Chill Chainnigh in 2021, teaghlach a bhí faofa chun tacaíochtaí tithíochta sóisialta a fháil. Is é seo an líon is ísle ó 2010, agus tá an líon teaghlach ar an liosta ag laghdú go leanúnach bliain i ndiaidh bliana le cúig bliana anuas[5]. Ainneoin gur treocht dhearfach í seo, tuairiscíodh go raibh beagnach 300 teaghlach gan dídean i mí Aibreáin 2022.

Chomh fada is a bhain le heitneacht, rangaíodh formhór de chónaitheoirí an Chontae (88%) mar "Daoine Geala Éireannacha" i nDaonáireamh 2016, agus na sonraí comhionanna a bhaineann le 2022 foilsithe fós[6]. Bhí cúlra "Geal" ag 8% eile, agus bhí líon beag den phobal lucht siúil na hÉireann (0.6%) san áireamh anseo. Eitneacht Ghorm nó Áiseach a bhí luaite le formhór na ndaoine eile, seachas an líon beag daoine nár fhreagair an cheist seo (1.5%).

An Geilleagar agus Lucht Oibre Áitiúil

Bhí thart ar 4,691 fiontar bunaithe i gContae Chill san earnáil ghnó phríobháidigh in 2020, bunaithe ar eolas atá le fáil sa Suirbhé Déimeagrafaíochta Gnó. Is é seo an líon is mó fiontar taifeadta in aon bhliain ó 2008 ar a laghad, méadú thart ar 15% i gcomparáid leis an bhfigiúr is ísle a taifeadadh in 2014.

D'fhostaigh thart ar 93% de ghnóthaí an Chontae níos lú ná deichniúr daoine, beagán níos mó ná meánfhigiúir an stáit, atá cothrom le 92%. Níor fhostaigh ach sé ghnó níos mó ná 250 duine, agus níl a leithéid sin de ghnóthaí ach leath chomh coitianta is atá ag leibhéal náisiúnta[7]. Áirítear anseo tearcionadaíocht gnóthaí Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, agus príomhthosaíocht do Chill Chainnigh í forbairt straitéiseach tionscnamh infheistíochta cosúil le Ceathú na Mainistreach agus Calafort Belview ionas go mbeidh an bonneagar ar fáil chun tacú le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach.




*Figiúr 3.3: Athrú ar an Líon Fiontar i gContae Chill Chainnigh*
Foinse: Suirbhé Déimeagrafaíochta Gnó

Anuas air sin, ní raibh gnóthaí a bhfuil níos mó ná 50 duine fostaithe acu chomh coitianta sa Chontae agus atá sa stát, ach tá méadú suntasach tugtha faoi deara sa chomhthéacs seo ó 2014 - beagnach leath (47%).

Bhí breis is aon cheathrú de ghnóthaí an Chontae (26%) ag feidhmiú san earnáil tógála, céatadán níos airde ná meánchéatadán an stáit (22%) agus tá an bonn gnó méadaithe thart ar 20% ó 2014. Tá beagnach an cúigiú cuid de na gnóthaí (19%) ag feidhmiú san earnáil mhórdhíola agus mhiondíola, céatadán níos airde ná an céatadán náisiúnta (17%), ach atá an ráta fáis i bhfad níos moille, cothrom le beagnach 5%. Tá gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta nó teicniúla luaite le thart ar an séú cuid de ghnóthaí an Chontae (16%), figiúr atá beagán faoi bhun mheánfhigiúr an stáit (17%) ach figiúr a d'fhás breis is aon cheathrú (26%) i gcomparáid le 2014.
Níl níos mó ná 8% de ghnóthaí príobháideacha an Chontae luaite le haon earnáil amháin eile.

Bhí beagnach 3,500 duine fostaithe in earnáil talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaireachta an Chontae de réir Dhaonáireamh 2016, agus tugadh méadú de thart ar 3% faoi deara ó 2011. Le blianta beaga anuas tá fás tagtha ar an líon feirmeacha móra, a bhfuil níos mó ná 50 heicteár iontu, agus tá laghdú tagtha ar líon na bhfeirmeacha beaga. Is foraoisí atá le fáil ar thart ar 11% de thalamh inúsáidte an Chontae agus tá a bhformhór de seo (82%) in úsáid d'fhoraoiseacht thráchtála, a bheidh ag teacht in aibíocht as seo go ceann 20 bliain.

Mealladh 727,000 turasóir chuig an gContae in 2019, an bhliain deiridh iomlán nach raibh tionchar ag Covid-19 uirthi. Bhí an líon turasóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta mórán mar an gcéanna, ach is turasóirí náisiúnta a bhí i gceist le 53% den fhigiúr seo. Ba é Cill Chainnigh an dara ceann scríbe baile is coitianta agus reáchtáladh roinnt féilte agus imeachtaí suntasacha sa Chathair. Tá neart iarratas ar chead pleanála do sheomraí óstáin breise sa Chathair déanta, agus má leantar leis an bhforbairt beidh níos mó acmhainní ar fáil i gCill Chainnigh chun tacú le níos mó turasóirí atá ag fanacht thar oíche sa chathair.

Bhí nasc idirlín ag dhá thrian (65%) ar a laghad de chónaitheoirí an Chontae, de réir Dhaonáireamh 2016, laghdú beag i gcomparáid le meánfhigiúr an stáit[8] (71%). Ainneoin nach bhfuil aon sonraí níos cothrom le dáta ar fáil don Chontae, creidtear go raibh leathanbhanda fosaithe ag 85% de theaghlaigh ar fud na hÉireann in 2021. Díol spéise an figiúr seo a chur i gcomparáid leis an bhfigiúr a tuairiscíodh do SPA an Oirdheiscirt, a bhfuil Contae Chill Chainnigh san áireamh ann[9] (84%).

5 Cuimsítear i dTábla 13 de Straitéis Tithíochta Chill Chainnigh (2021-27) an líon daoine atá ainmnithe ar an liosta tithíochta don tréimhse 2010 – 2019. Is fianaise iad na sonraí a bhaineann leis na trí bliana atá díreach caite go bhfuil na figiúirí ag laghdú go leanúnach: 2019 – 1,988 teaghlach, 2020 – 1,899 teaghlach, 2021 – 1,619 teaghlach

6 Anuas air sin, thug an CSO le fios go bhfoilseofar na chéad torthaí 'oifigiúla' ó Dhaonáireamh 2022 idir Aibreán 2023 agus Nollaig 2023. Níl na hamfrámaí sin laistigh den tréimhse ullmhúcháin atá sonraithe don LECP seo.

7 D'fhostaigh thart ar 0.24% de ghnóthaí sa stát níos mó ná 250 duine in 2020, i gcomparáid le 0.13% i gContae Chill Chainnigh

8 Is figiúirí íosta iad seo de bhrí go raibh "níl sonraithe" tugtha mar fhreagra i roinnt cásanna

9 CSO (2021) Clúdach agus Úsáid Idirlín in Éirinn 2021

Léiríodh i nDaonáireamh 2016, go bhfuil na leibhéil de ghnóthachtáil oideachais íochtaraigh ag laghdú agus go bhfuil na leibhéil de ghnóthachtáil oideachais tríú leibhéal ag méadú i gContae Chill Chainnigh, díreach cosúil leis na leibhéil atá le tabhairt faoi deara sa stát trí chéile. Dá ainneoin sin, bhí an Contae ar gcúl i gcomparáid le meánleibhéal an stáit d'oideachas tríú leibhéal (36/40%) ainneoin go bhfuil ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag bunú Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) i mí Bealtaine 2022 – an chéad ollscoil dá leithéid sa réigiún – ar an líon cónaitheoirí a léireoidh spéis i gcúrsaí staidéir.

Laghdaigh an daonra níos óige atá in aois oibre, idir 20 agus 34 bliain d'aois, i gCill Chainnigh i rith na gcúig bliana roimh Dhaonáireamh 2016. Tharla an rud céanna ar fud an stáit ach ní raibh an ráta chomh hard (11/13%). Níl sonraí coibhéiseacha ó Dhaonáireamh 2022 ar fáil fós.

**Sláinte agus Folláine**

Thuairiscigh thart ar 89% de chónaitheoirí an Chontae go raibh staid sláinte go maith nó an-mhaithe i nDaonáireamh 2016, figiúr a sháraigh meánfhigiúr an stáit, 87%. Thuairiscigh níos lú ná 2% go raibh a staid sláinte go dona nó an-dona. Bhí sé seo ag teacht a bheag nó a mhór le torthaí an Daonáirimh a rinneadh roimhe seo.

Thuairiscigh thart ar 13% de chónaitheoirí go raibh míchumas amháin orthu ar a laghad in 2016, figiúr atá beagán faoi bhun mheánfhigiúr an stáit (14%). Bhí breis is aon trian de na cónaitheoirí seo (37%) 65 bliain d'aois nó níos sine, agus bhí 66% 45 bliain d'aois nó níos sine.

Chuir beagnach leath (46%) de na daoine a thuairiscigh go raibh míchumas orthu go raibh deacrachtaí acu a bhain le pian, análú nó tinneas ainsealach eile, agus níl deacrachtaí fisiciúla bunúsach ach ag líon beagán níos lú ná sin (43%). Bhí deacracht foghlama ag aon cheathrú de na daoine.

Bhí níos lú seans ann, leath an tsean, go mbeadh daoine faoi mhíchumas ag obair i gcomparáid leis an daonra ginearálta (22/53%) agus bhí seans níos lú ann freisin, níos lú ná leath an tseans, go mbeadh rochtain acu ar charr nó veain (8/20%). Bhí thart ar 15% ina gcónaí i dtithíocht shóisialta i gcomparáid le 9% den daonra ginearálta.

**Díothú, Bochtaineacht agus Eisiamh Sóisialta**

I gContae Chill Chainnigh tugadh méadú suntasach i ndíothú faoi deara sa cúig bliana go dtí 2011, i ndiaidh cor chun donais geilleagrach na bliana 2008. Tugadh leibhéal áirithe téarnaimh faoi deara sa tréimhse ina dhiaidh sin go dtí 2016, ainneoin go raibh meánfhigiúirí an stáit á sárú ag na leibhéil díothachta. Bunaithe ar scór díothachta coibhneasta Chontae Chill Chainnigh[10], -0.3, rangaíodh beart rachmais an Chontae mar 'beagán faoi bhun an mheáin' in 2016 i gcomparáid le bonnlíne mheánfhigiúr an stáit, 0.9 ('beagán os cionn an mheáin')

Trasna an Chontae, tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara sna scóir atá luaite leis an 113 Toghroinn, idir 'Faoi Mhíbhuntáiste' agus 'Rachmasach'. Ag leibhéil gheografacha níos airde, áfach, is féidir samplaí de dhíothacht choibhneasta a cheilt. San iomlán, tá 2,763 duine ina gcónaí i gCeantair Bheaga atá rangaithe sa chatagóir dar teideal 'An-Díothaithe'.
Léirítear i dTábla 3.1 na deich dtoghcheantar i gContae Chill Chainnigh ag a bhfuil na rátálacha díothachta is airde. Chun críche comparáide, léirítear sa tábla freisin na scóir innéacs coibhneasta don dhá thoghroinn uirbeacha i gCill Chainnigh.

| | Toghcheantar | Scór Innéacs Coibhneasta Díothachta (%) |
|---|---|---|
| 1 | Áth na nUrlainn | -12.4 |
| 2 | Baile Sheáin | -12.0 |
| 3 | Port an Chalaidh | -11.0 |
| 4 | Gráig na Manach | -9.3 |
| 5 | An Droichead Nua | -8.6 |
| 6 | An Chloch | -8.3 |
| 7 | Achadh Úr | -7.9 |
| 8 | Poll Ruáin | -6.8 |
| 9 | Caisleán an Chomair | -6.1 |
| 10 | Callainn (Uirbeach) | -5.9 |
| | Cill Chainnigh Uimh. 1 Uirbeach | -2.9 |
| | Cill Chainnigh Uimh. 2 Uirbeach | 1.3 |

*Tábla 3.1: Toghranna leis na rátálacha díothachta coibhneasta is airde (2016) - Toghcheantair Uirbeacha Chill Chainnigh curtha san áireamh chun críche comparáide*

De bhrí, go ginearálta, go bhfuil baol níos mó ann go mbeidh tuismitheoirí aonair ag déileáil le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, díol spéise is ea go raibh thart ar 4,260 teaghlach i gContae Chill Chainnigh a raibh tuismitheoirí aonair freagrach astu de réir dhaonáireamh 2016. Bhí sé seo cothrom le thart ar 18% de gach teaghlach agus níos ísle ná an meánfhigiúr náisiúnta atá cothrom le 20%.

Tugadh laghdú de réir a chéile faoi deara sa líon coireanna a taifeadadh i Rannán Chill Chainnigh/Cheatharlach an Gharda Síochána. Taifeadadh thart ar 5,140 coir in 2019 i gcomparáid le 8,590 in 2010, agus laghdaigh sé seo tuilleadh go dtí 4,370 in 2020 ainneoin go mb'fhéidir go raibh tionchar ag an tsoghluaisteacht laghdaithe a tugadh faoi deara i rith na paindéime air seo.

**An tAthrú Aeráide agus Fuinneamh**

Déantar cur síos i Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide na Comhairle ar an tionchar suntasach atá ag an athrú aeráide ar an gContae cheana féin, agus táthar ag súil go méadóidh minicíocht agus déine na n-éifeachtaí seo amach anseo[11].

Sna deich mbliana roimh 2019, sa Chontae taifeadadh méaduithe ar ann líon laethanta inar thit báisteach throm agus an líon teagmhas tuilte a tharla. Chomh maith leis sin, taifeadadh teochtaí i bhfad níos airde ná mar is iondúil i rith na tréimhse céanna, agus in 2018 mar shampla, eisíodh fógraí dearga mar gheall ar an sneachta a thit i mí Feabhra agus ina dhiaidh sin taifeadadh cuid de na teochtaí samhraidh
is airde.

Tá an fhaisnéis is cothrom le dáta maidir le fuinneamh agus astaíochtaí i gContae Chill Chainnigh ag teacht ó Mhol Fuinnimh Ghníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt (Réadlann Faireachais um Shonraí Fuinnimh agus Astaíochtaí)[12]. Is fianaise é sin, in 2018, gur ídigh Contae Chill Chainnigh 2,888 GWh de phríomhfhuinneamh agus gur astaigh sé 1,640 ktona de Dhé-ocsaíd Charbóin ($CO_2$). An earnáil Iompair a bhí freagrach as an úsáid fuinnimh is mó in 2018 (33.61%), agus ina dhiaidh sin ar an liosta bhí an earnáil Chónaitheach (26.47%) agus an earnáil Thionsclaíoch (26.42%). An earnáil Talmhaíochta a bhí freagrach as an leibhéal is airde d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin in 2018 (51.97%), agus is í an earnáil Iompair (14.85%) an chéad earnáil eile ar an liosta, agus an earnáil Chónaithe (14.11%) agus an earnáil Thionsclaíoch (12.36%) ina dhiaidh sin.

Sa chomhthéacs thuasluaite, ba cheart a chur san áireamh go bhfuil seirbhísí na Comhairle freagrach as thart ar 3% d'astaíochtaí an Chontae.
Ainneoin nach mór don Chomhairle bearta a chur i gcrích chun astaíochtaí óna seirbhísí féin a laghdú, ionas go mbeifear airdeallach ar an tionchar foriomlán atá ag a leithéid, ní mó don Chomhairle a bheith airdeallach freisin ar an deis atá aici tairbhe a bhaint as an tionchar agus ról atá aici mar eiseamláir chun astaíochtaí a laghdú ar fud an Chontae go ginearálta.



10 Tá scóir an innéacs díothachta athscálaithe chun sannadh ar scála 8 bpointe de lipéid thuairisciúla idir -30 (faoi mhíbhuntáiste suntasach) agus os cionn 30 (an-rachmasach) a cheadú

11 Comhairle Contae Chill Chainnigh (2019) Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide
2019-2024

12 Mol Fuinnimh Ghníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt (réadlann réigiúnach do shonraí fuinnimh agus astaíochtaí) https://www. energyhub.ie/sustainable-energy-action-plans/annual-data- kilkenny/

## Anailís LLDB Gheilleagrach agus Pobail

| Láidreachtaí agus Deiseanna | Laigí agus Bagairtí |
|---|---|
| Suíomh lárnach i Limistéar Pleanála Straitéisí an Oirdheiscirt le bóthar maithe agus naisc iarnróid mhaithe le Baile Átha Cliath agus áiteanna eile | Fás daonra ag moilliú agus leibhéal íseal imirce isteach |
| Ceann scríbe a bhfuil an-tóir ag turasóirí air, áit a reáchtáiltear neart féilte agus imeachtaí agus tá féidearthachtaí ag baint le tréimhsí fanachta cuairteoirí a mhéadú agus níos mó tairbhe geilleagraí a bhaint as an earnáil turasóireachta | Tá an líon daoine fásta óga atá ina gcónaí sa cheantar ag laghdú agus tá tionchar aige seo ar infhaighteacht saothair agus ar phróifíl dhéimeagrafach go leor pobal atá lonnaithe lasmuigh de Chathair Chill Chainnigh |
| Dea-theist chomh fada is a bhaineann le hobair ar bhonn comhpháirtíochta, bunaithe ar shásraí seachadta comhtháite | Riachtanas leanúnach le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus fianaise ar easpa dídine |
| Líonraí pobail agus earnáil dheonach bunaithe | Ag brath an iomarca ar na hearnálacha tógála agus miondíola, agus d'fhéadfaí tacú le níos mó éagsúlachta |
| Níos mó gnóthaí príobháideacha | Tearcionadaíocht fostóirí suntasacha, lena n-áirítear gnóthaí Infheistíocht Dhíreach Eachtrach |
| Daonra níos oilte, a bheidh in ann tairbhe a bhaint as Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt atá díreach bunaithe | Tá na leibhéil ghnóthachtála atá luaite leis an oideachas tríú leibhéal níos ísle na meánleibhéal an stáit |
| Tá cead pleanála faighte le haghaidh neart tithe fianaise go mbeidh ar chumas an Chontae tacú leis an bhfás dearfach atá tugtha faoi deara sa stoc tithíochta le déanaí | Díothú leanúnach ag leibhéal a sháraíonn meánleibhéal an stáit, agus fianaise ar chomhchruinnithe soiléire de dhíothú níos géire |
| Oidhreacht nádúrtha agus timpeallacht thógtha bunaithe | Easpa cinnteachta maidir le conas a thiocfaidh an earnáil turasóireachta chuici féin i ndiaidh Covid-19 |
| Geilleagar tuaithe atá forbartha agus ag fás i suíomh nádúrtha álainn | Is léir cheana féin go bhfuil tionchar suntasach ag an athrú aeráide ar an gContae |




Go With The Flow

**Tuairimí ár gcónaitheoirí a chur san áireamh**
Tá fianaise le fáil san anailís LLDB thuas ar thorthaí anailís mhionsonraithe a rinneadh ar thacair sonraí atá ar fáil mar aon le léargais príomhpháirtithe leasmhara ar fud an Chontae. Tá sé tábhachtach, nuair a bhíonn léargas á thabhairt ar an deis atá léirithe sa LECP seo, go ndéantar machnamh freisin ar thuairimí daoine a rinne suirbhé mar chuid dár bpróiseas rannpháirtíochta.

Fiafraíodh de fhreagróirí cur síos a dhéanamh ar Chill Chainnigh i dtrí fhocal, agus is fianaise é an néal focal thíos go raibh tuairimí na bhfreagróirí an-dearfach.

Is bonnchloch an-luachmhar iad na tuairimí dearfacha seo is féidir a úsáid chun déileáil leis na deiseanna sainaitheanta sa LLDB thuas agus leis na dúshláin freisin, ar fianaise iad go leor acu ar shaincheisteanna domhainsuite agus casta a raibh iarmhairtí diúltacha acu ar an iomarca dár gcónaitheoirí le haghaidh tréimhse i bhfad rófhada.




*Figiúr 3.4: Freagairtí ar 'Déan cur síos ar Chill Chainnigh i 3 fhocal'*


PLAYWRIGHT

# 4. Fís, Téamaí, Spriocanna Ardleibhéil agus Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe

D'éascaigh an dianphróiseas rannpháirtíochta lenár bpobail, gnóthaí agus páirtithe leasmhara eile maidir lenár Ráiteas Socheacnamaíoch Fís nua a bhunú don LECP seo mar aon le 10 Sprioc Ardleibhéil, a bhfuil roinnt Cuspóirí ag tacú le gach ceann díobh.

Is fianaise é an Fhís, na Spriocanna agus na Cuspóirí ar imthosca atá ag athrú go tapa nach mór déileáil leo anois agus a mb'éigean do phobail dhifriúla déileáil leo agus iad siúd a bhfuil infheistíocht déanta acu sa Chontae.

Ceadóidh baint amach ár n-uaillmhéine agus na n-éachtaí trínár Spriocanna Ardleibhéil dúinn leanúint ar aghaidh ag déileáil le tréimhsí
éiginnte trí gheilleagar agus pobail níos seasmhaí a chruthú ar fud an Chontae. Tríd an méid sin a dhéanamh, éireoidh linn tairbhe a bhaint as ár láidreachtaí agus ag an am céanna déileáil le laigí a d'fhéadfadh a bheith ann agus tacú leis an obair mhaith a chabhraigh linn a chinntiú go bhfuil tacaíocht á cur ar fáil do na baill níos leochailí dár bpobal a bhfuil a leithéid de thacaíocht ag teastáil uathu.

# Fís 2023 – 2028

## Faoin mbliain 2028 beidh Cill Chainnigh ag feidhmiú mar Chontae atá réidh don todhchaí, dírithe ar an saoránach agus seasmhach ó thaobh na haeráide de, beidh poist á soláthar sa chontae, beidh gnóthaí ardtáirgiúla á mealladh, beidh seirbhísí ionchuimsitheacha á soláthar agus beidh an earnáil chruthaitheach á ceiliúradh

Ní féidir le Cill Chainnigh neamhaird a thabhairt ar an 21ú haois - aois ina bhfuil go leor athruithe ag tarlú go tapa. De réir mar a bheidh an contae ag teannadh le tréimhse an Phlean Áitiúil Gheilleagraigh agus Pobail nua, tá plean á fhorbairt againn atá réidh don todhchaí agus dírithe ar an saoránach, agus atá ag freagairt don dúshlán is suntasaí ar fad - an t-athrú aeráide; a thacóidh leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin; agus a leanfaidh le poist a sholáthar agus tionscail ardtáirgiúla cheannródaíochta a mhealladh nó a fhorbairt, fad is atá astaíochtaí ag laghdú.

Is mian linn é seo a dhéanamh i dteannta a chéile, fianaise ar an bpobal cairdiúil, dearfach agus tuisceanach atá forbartha anseo; is mian linn fáilte a fhearadh roimh chuairteoirí nua ar spéis leo áilleacht oidhreacht thógtha agus nádúrtha ár gcontae a bhlaiseadh; is mian linn tacú le féith na cruthaitheachta a cheiliúradh; is mian linn foireann oibre ardoilte, sláintiúil agus táirgiúil a mhealladh, a choimeád agus a oiliúint a bheidh in ann freastal ar riachtanais athraitheacha an phobail trí chéile lena n-áirítear a sláinte agus folláine. Cosúil le foireann imreoirí, is féidir linn go leor a chur i gcrích trí go leor rudaí beaga a dhéanamh go maith i dteannta a chéile.

Is cathair chairdiúil agus fháiltiúil é Cill Chainnigh, áit a gcaitear le gach duine go cothrom agus le meas, beag beann ar inscne, aois, bunús nó baile. Tá daoine a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair i gCill Chainnigh bródúil as a gcontae féin; síleann siad go bhfuil siad páirteach i rath an Chontae.

Tá fís mhisniúil ag Cill Chainnigh - déileáil leis an dúshlán is suntasaí don chine daonna san aois seo; is é sin an t-athrú aeráide. Le linn dúinn iarracht a dhéanamh an bhacainn seo ar shaol an duine a shárú, beidh orainn ár modhanna maireachtála a oiriúnú. I lár na cathrach agus sna bailte agus sráidbhailte mórthimpeall, beidh níos mó áiseanna do choisithe agus níos lú carranna in úsáid, agus beidh modhanna iompair inbhuanaithe níos fearr ar fáil a bheidh in úsáid chun ár bpobail a nascadh lena chéile. De réir mar a bheidh deis ag daoine aer níos glaine a análú inár spásanna glasa, beidh siad in ann tairbhe a bhaint as éiceachóras bisiúil d'fhiadhúlra agus gnáthóga, atá ag maireachtáil taobh lenár dtimpeallacht thógtha agus a bheidh in ann tairbhe a bhaint aisti anois. Le linn dúinn a bheith ag siopadóireacht, táimid níos airdeallaí ar an ngeilleagar ciorclach, tá ár leibhéil dramhaíola á laghdú againn agus tá athúsáid á baint againn as acmhainní luachmhara nuair is féidir. Beidh daoine bródúil as an obair atá á déanamh ag Cill Chainnigh chun dul i ngleic le teochtaí atá ag ardú le scriosadh bithéagsúlachta.

Tá geilleagar Chill Chainnigh láidir, seasmhach agus daingean. Trí uaillmhian agus cuspóirí Straitéis Gheilleagrach RSES agus tionscnamh Réigiún Cliste an Deiscirt a chomhlíonadh agus trí thionscail ardtáirgiúla nua a mhealladh, cosúil le teicneolaíocht an airgeadais, cluichíocht agus dearadh, agus cógaisíocht, beidh ar chumas an gheilleagair níos mó post a chur ar fáil do phobal na háite. Trí bheith ag obair le chéile, beidh geilleagar an chontae ag fás fad is a bheidh an leibhéal astaíochtaí ag titim, agus tacófar le hearnálacha nach bhfuil ag brath an méid céanna ar an timpeallacht sa chlaochlú chuig geilleagar ísealcharbóin. Ar shráir ard Chill Chainnigh, tá níos mó aonad áitithe agus tá borradh faoi chúrsaí gnó, de bhrí go bhfuil na hidirghabhálacha cearta agus cuí ag tacú leo. I mbailte ar fud an chontae, tá moil fiontair ag feidhmiú mar spásanna gorlainne do ghnólachtaí nuathionscanta chun dlús a chur le deiseanna fáis, agus deis a thabhairt do Chill Chainnigh feidhmiú mar cheann scríbe iontach chun gnó a thosú agus a fhorbairt ann. Trí phoist agus oibrithe nua a mhealladh, beidh ar ár gcumas daoine a mhealladh chun cónaithe i measc ár bpobal.

Tá Cill Chainnigh bródúil as a oidhreacht agus tá aird an domhain mhóir á tarraingt ar an áit. Is ceann scríbe cáiliúil turasóireachta Éireannach agus Eorpach é an contae agus tá níos mó iarrachtaí á ndéanamh de réir a chéile tairbhe a bhaint as an earnáil turasóireachta domhanda. Meallann ailtireacht agus earnáil uathúil ealaíona agus ceardaíochta an chontae turasóirí a bhfuil fonn orthu airgead a chaitheamh, rud a thacaíonn le hearnáil turasóireachta atá faoi bhláth. Caitheann turasóirí am, ní hamháin sa chathair, ach i gceantar tuaithe an chontae freisin, agus léirítear spéis ar leith in eachtraí gníomhacha feadh na n-uiscebhealaí nua a nascann ceantar an oirdheiscirt le chéile. Mar thoradh ar an gceiliúradh atá á dhéanamh ar oidhreacht Chill Chainnigh tá an áit ag feidhmiú mar chroílár chomh fada is a bhaineann le cinnteoireacht a dhéanamh sa chontae.

Is contae tuaithe é Cill Chainnigh atá suite in SPA Oirdheisceart na hÉireann, áit ina bhfuil bailte, sráidbhailte agus feirmeacha nasctha lena chéile, áiteanna a chuireann leis an rath atá ar Chill Chainnigh agus leis an rath atá ar an réigiún trí chéile. Beidh siad nasctha go maith agus go hiontaofa lena chéile, le Cathair Chill Chainnigh agus leis an gcuid eile d'Éirinn. Cuirfidh a mbeocht le fás agus forbairt Chathair Chill Chainnigh mar 'Príomhbhaile' agus an chuid de Chill Chainnigh a bhaineann le Ceantar Uirbeach Phort Láirge de réir Thionscadal Éireann 2040 agus an RSES.

Tá ról lárnach go leanúnach ag earnáil talmhaíochta an chontae i ngníomhaíocht gheilleagrach agus tá ról aige sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, trí chleachtais níos inbhuanaithe agus níos éifeachtúla a úsáid. Caitheamh le meas agus ar bhealach comhionann le pobail thuaithe; tá seirbhísí bunúsacha maithe ar fáil dóibh go háitiúil agus níl siad ag brath ar chathair Chill Chainnigh.

Beidh foireann oibre Chill Chainnigh in ann dul in iomaíocht leis na foirne oibre is fearr dá bhfuil ann. Trí chur le Tionscnamh Réigiún Foghlama SRA, tá cohórt oilte, léannta, díograiseach de ghairmithe bunaithe as chontae, agus ní gá dóibh taisteal i bhfad ó bhaile. Tá ollscoil nua bunaithe rud a chiallaíonn go bhfuil neart roghanna oideachas tríú leibhéal ann,
lena n-áirítear printíseachtaí atá dírithe ar an earnáil fáilteachais agus céimeanna a bheidh in ann dul ag obair inár dtionscail cheannródaíocha.

*"Tá geilleagar Chill Chainnigh láidir, seasmhach agus daingean."*

## Spriocanna, Cuspóirí agus Torthaí Ardleibhéil

I rith an phróisis a bhain lenár Spriocanna Ardleibhéil a shonrú, tugadh faoi deara gur téama sáraitheach é an tAthrú Aeráide a mbeadh ról lárnach aige i rath, nó a mhalairt, ár Spriocanna eile. Dá réir sin, tá an tAthrú Aeráide sainaitheanta mar 'téama' uilechuimsitheach inár Sprioc, Cuspóirí agus Torthaí Ardleibhéil.

Is é atá mar aidhm leis an LECP a chinntiú go bhfuil snáitheanna geilleagracha agus pobail idirghaolmhar agus ailínithe, agus go bhfuil aitheantas á thabhairt don phointe go mbeidh tionchar ábhartha ag dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le snáith amháin ar na snáitheanna eile. Trí aitheantas a thabhairt do struchtúr na socruithe rialachais atá bunaithe ag an gComhairle cheana féin, áfach, foroinntear na spriocanna faoi Théama Geilleagrach agus Pobail ar leith.

Cuirfidh na deich Sprioc Ardleibhéil atá sonraithe againn dúinn féin ar ár gcumas a chinntiú gur uirlis a thacóidh le hathrú dearfach a bheidh sa LECP seo. Glacaimid leis go mbaineann dúshlán leis na spriocanna seo ach go bhfuil siad indéanta agus réalaíoch ag an am céanna freisin.

Cinnteofar seachadadh rathúil na Spriocanna agus na gCuspóirí seo trínár bPlean Feidhmithe, a fhoilsítear mar dhoiciméad ar leith ach ar cuid lárnach dár LECP é freisin. Ionas gur féidir rath a thomhas, teastaíonn tacar torthaí réalaíocha agus spriocdhírithe. Dá réir sin, tá an t-eolas atá curtha ar fáil sa rannóg seo ag teacht leis an téama ábhartha:

- A Sprioc Ardleibhéil
- Cuspóirí Gaolmhara
- Torthaí Ardleibhéil Gaolmhara

*"Is é atá mar aidhm leis an LECP a chinntiú go bhfuil geilleagar tá snáitheanna geilleagracha agus pobail idirghaolmhar agus ailínithe, agus aithnítear go mbeidh buntáistí ábhartha ag dul chun a dhéantar i ndáil le snáithe amháin ar na snáitheanna eile."*



## Téama 1: Athrú Aeráide

Sprioc 1: D'fhonn a chinntiú go dtacaítear leis an athrú aeráide, agus go bhfuil ár ngníomhaíochtaí agus idirghabhálacha ar fad leabaithe i ngach réimse den LECP chun cur ar bhealach dearfach leis an ngéarchéim dhomhanda aeráide agus bhithéagsúlachta atá ag cur isteach ar ár saoránaigh agus chun tacú le hÉirinn a spriocanna agus oibleagáidí aeráide agus bithéagsúlachta a chomhlíonadh, déanfaimid an méid seo a leanas…

Cuspóir 1a: cuirfimid Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide (2019 – 2024) na Comhairle chun feidhme mar aon le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá beartaithe a fhoilsiú in 2023, ina sonrófar an tslí a bhfuil sé beartaithe ag an údarás áitiúil astaíochtaí carbóin a laghdú a bhaineann leis na seirbhísí atá á soláthar againn, 7% sa bhliain ar a laghad agus 51% faoi 2030

- Toradh ardleibhéil: Spriocanna laghdaithe carbóin na Comhairle a chomhlíonadh
- Toradh ardleibhéil: Dul chun cinn a léiriú chomh fada is a bhaineann leis an athrú chuig aeráid seasmhach, bithéagsúlacht shaibhir agus geilleagar atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de
- Toradh ardleibhéil: Pobail atá in ann gníomhú ar son na haeráide
- Toradh ardleibhéil: Gníomhú ar son na haeráide fianaisebhunaithe a dhéanamh agus tacú leis trí oiriúnú agus maolú
- Toradh ardleibhéil: Fianaise ar rialachas, ceannaireacht agus comhpháirtíocht a léiriú chun gníomhú ar son na haeráide

Cuspóir 1b: tacú leis an ngealltanas atá mar bhonn leis deimhniú ISO50001 chun tacú le feabhas 50% ar an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh sa tréimhse 10 mbliana ó 2021 ar aghaidh agus tairbhe a bhaint as níos mó deontas atá ar fáil mar bhealach chun freagairt don ghéarchéim fuinnimh reatha agus feabhas fadtéarmach a chinntiú i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh nó suiteáil teicneolaíochtaí fuinneamh inathnuaite.

- Toradh ardleibhéil: Spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh na Comhairle a chomhlíonadh
- Toradh ardleibhéil: An méid tairbhe atá á baint as tacaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i gcomparáid le 2022/2023

Cuspóir 1c: bearta a chur chun feidhme a bhaineann leis an nGeilleagar Ciorclach (dramhaíl agus truailliú a dhíothú trí aistriú chuig fuinneamh agus ábhair in-athnuaite) ar mhaithe le córas seasmhach a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe gnóthaí, na timpeallachta agus na saoránach sa Chontae.

- Toradh ardleibhéil: Úsáid bainte as fiontraíocht chun tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide agus leis an aistriú chuig geilleagar ionchuimsitheach, aeráidneodrach agus ciorclach
- Toradh ardleibhéil: 'Aistriú cóir' leabaithe sa ghníomhú ar son na haeráide

Cuspóir 1d: Bearta a chur chun feidhme a bhaineann le tionscnaimh Taistil Chliste

- Toradh ardleibhéil: Cion módach modhanna iompair inbhuanaithe a mhéadú (ar rothar nó cosán) agus spleáchas ar an gcarr a laghdú
- Toradh ardleibhéil: Seirbhís iompair phoiblí feabhsaithe do gach pobal

## Téama 2: Geilleagrach

Sprioc 2: Chun bonn gnó seasmhach, inbhuanaithe a fhorbairt agus tacú le gnóthaí nua agus le gnóthaí atá bunaithe cheana féin fás, a bheith fiontrach agus tairbhe a bhaint as deiseanna nua, déanfaimid an méid seo a leanas…

Cuspóir 2a: tacú le fás earnálacha ardluacha atá bunaithe cheana féin agus á bhforbairt faoi láthair laistigh dár ngeilleagar, lena n-áirítear innealtóireacht, eolaíochtaí na beatha (lena n-áirítear teicneolaíocht mhíochaine), ceardaíocht agus dearadh, TFC, Teicneolaíocht Ghlas agus cuideachtaí theicneolaíocht an airgeadais chun tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le braisliú

- Toradh ardleibhéil: Cur leis an líon gnóthaí agus an líon daoine atá fostaithe sna hearnálacha seo i gcomparáid le 2022/23

Cuspóir 2b: fiontraíocht agus nuálaíochta inbhuanaithe a éascú trí smaointeoireacht dearaidh a spreagadh, tacaíocht agus bonneagar a chur ar fáil dár ngnóthaí agus cur ar a gcumas a gcuid uaillmhianta láidre maidir le forbairt agus fás a chomhlíonadh agus a scála agus seasmhacht a mhéadú

- Toradh ardleibhéil: Cur leis an líon gnóthaí atá ag glacadh páirte i gcláir tháirgiúlachta agus inbhuanaithe i gcomparáid le 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Cur leis an líon gnóthaí a bhfuil deichniúr daoine nó níos mó á bhfostú acu i gcomparáid le 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Cur leis an líon gnóthaí atá páirteach san earnáil easpórtála den chéad uair i gcomparáid le 2022/2023

Cuspóir 2c: a chinntiú go dtacaíonn ár ngeilleagar áitiúil, go comhréireach, agus go gcomhtháthaíonn sé le fás an réigiúin agus go mbaineann sé lántairbhe as a chlúdach idirnáisiúnta trí mhealltacht Chill Chainnigh mar áit chun gnó a dhéanamh inti a fheabhsú

- Toradh ardleibhéil: An líon cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann nó GFT Éireann atá ag trádáil ag leibhéal idirnáisiúnta a mhéadú i gcomparáid le 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Fostaíocht a mhéadú ag ráta níos airde nó cosúil leis an ráta fáis réigiúnach

Sprioc 3: Chun tairbhe a bhaint as luach geilleagrach agus sóisialta oidhreacht thógtha agus nádúrtha Chill Chainnigh, mar aon lena cháil chultúrtha agus an méid atá á thairiscint sa chontae, agus as earnálacha turasóireachta, cruthaitheacha agus cultúrtha an chontae a bhfuil borradh fúthu, déanfaimid an méid seo a leanas…

Cuspóir 3a: a chinntiú gur féidir le pobail páirt a ghlacadh in, agus lántairbhe a bhaint as feabhsuithe ar shaol cultúrtha na Cathrach agus an Chontae

- Toradh ardleibhéil: Cur leis an líon imeachtaí agus tionscnamh atá á dtairiscint ag saoráid ealaíon agus cultúrtha a spreagann leibhéil tinrimh i measc chónaitheoirí Chill Chainnigh
- Toradh ardleibhéil: Tacú le Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch in ábhair atá ag tacú le saol cultúrtha na Cathrach agus an Chontae

Cuspóir 3b: cur leis an gcáil atá ar Chill Chainnigh mar chontae ‘nach mór cuairt a thabhairt air’ agus eispéireas cuairteoirí a chothromú trí thairiscint bhliana níos faide, a spreagann cuairteoirí chun fanacht le haghaidh tréimhse níos faide agus taitneamh a bhaint as níos mó de thírdhreach agus d'oidhreacht an Chontae

- Toradh ardleibhéil: Cur leis na leibhéil áitíochta seomra leapa agus spásanna leapa, lena n-áirítear an fad fanachta, i gcomparáid le figiúirí 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Fianaise go bhfuil na hearnálacha cruthaitheacha, oidhreachta agus cultúrtha ag obair le chéile ar mhaithe le cáil Chill Chainnigh mar cheann scríbe turasóireachta ar chaighdeán domhanda a fhorbairt
- Toradh ardleibhéil: Tairiscint turasóireachta forbartha do chuairteoirí ‘féach agus déan’ laistigh den Chontae

Cuspóir 3c: tacú le fás i ngnóthaí inbhuanaithe agus inrochtana agus le faisnéis sna hearnálacha seo, chun ionadaíocht chothromaithe a chinntiú ar fud an Chontae

- Toradh ardleibhéil: Na hearnálacha turasóireachta agus cruthaitheacha agus cultúrtha a fhorbairt i gcomparáid le figiúirí 2022/23 (líon fostaithe)
- Toradh ardleibhéil: Tacú lenár n-oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha agus í a chosaint trí bhreis maoinithe / infheistíochta

Sprioc 4: Cinntiú go dtabharfar tacaíocht dár ngeilleagar agus dár bpobail tuaithe chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh, déanfaimid...

Cuspóir 4a: feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i bpobail tuaithe, trí ghnáthóga a chosaint agus trí chomhshaol cothrom inbhuanaithe agus geilleagar talmhaíochta a chothabháil

- Toradh ardleibhéil: Aschur eacnamaíoch marthanach na hearnála talmhaíochta ar fud an Chontae ó bhonn 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Tacú le feirmeoirí nuáil a dhéanamh agus a bheith níos inbhuanaithe mar atá leagtha amach i straitéis Teagasc 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'
- Toradh ardleibhéil: Gnáthóga nádúrtha a fheabhsú ó bhonn 2022/23

Cuspóir 4b: seirbhísí agus bonneagar a chothú agus a fheabhsú, bailte agus sráidbhailte tuaithe "Cliste", "Rochtana" agus "Nasctha" a fhorbairt chun cabhrú leo a n-acmhainneacht a bhaint amach mar áiteanna tarraingteacha chun cónaí agus cuairt a thabhairt orthu

- Toradh ardleibhéil: Bailte agus sráidbhailte a chruthú atá inmharthana, bríomhar agus tarraingteach do dhaoine le maireachtáil, agus ag feidhmiú mar mhoil seirbhíse, shóisialta, chultúrtha agus áineasa do phobail áitiúla de réir an Chéad Pholasaí Lár an Bhaile
- Toradh ardleibhéil: Infhaighteacht seirbhísí leathanbhanda ardluais i lonnaíochtaí tuaithe a mhéadú ó 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Sciar módach na modhanna iompair inbhuanaithe a mhéadú (ar rothar nó ar chonair) agus spleáchas ar charranna a laghdú



Sprioc 5: D'fhonn cur leis an líon daoine atá gníomhach sa gheilleagar sa Chontae trí rochtain ar an mbonneagar breisoideachais agus ardoideachais agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chinntiú do gach cónaitheoir in aois oibre ar mian leis nó léi obair a dhéanamh chun a c(h)áilíochtaí oideachais a fheabhsú agus na scileanna riachtanacha a shealbhú, déanfaimid an méid seo a leanas…

Cuspóir 5a: oibriú lenár ngnóthaí d'fhonn a chinntiú go bhfuil lucht oibre acu atá in ann freagairt do riachtanais scilbhunaithe atá ann faoi láthair agus atá ag athrú, lena n-áirítear na riachtanais sin atá ag earnálacha nua atá á bhforbairt

- Toradh ardleibhéil: Laghdú ar an líon folúntas neamhlíonta, go háirithe in earnálacha atá ag fás, i gcomparáid le figiúirí 2022/23

Cuspóir 5b: leanúint ar aghaidh ag tacú le feabhsuithe ar ghnóthachtáil oideachais leanúnach, agus béim ar leith a leagan ar bhonneagar breisoideachais agus tríú leibhéal a sholáthar, lena n-áirítear printíseachtaí atá á reáchtáil ag an earnáil thionsclaíoch

- Toradh ardleibhéil: Méadú ar an líon daoine atá cláraithe ar chúrsaí breisoideachais agus ardoideachais i gcomparáid le figiúirí 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Méadú ar an líon printíseachtaí críochnaithe i gcomparáid le figiúirí 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Litearthacht feabhsaithe (digiteach agus páipéar) chun rochtain chomhionann ar gach deis foghlama ar feadh an tsaoil a chumasú

Sprioc 6: D'fhonn cur leis an líon céimithe tríú leibhéal atá ag obair i gContae Chill Chainnigh, déanfaimid an méid seo a leanas...

Cuspóir 6a: tairbhe a bhaint as infheistíocht atá déanta agus pleanáilte, cosúil leis an Ollscoil Teicneolaíochta (SETU) is nuaí in Éirinn trí naisc réigiúnacha agus náisiúnta a bhunú idir ár bpobal gnó, ár n-ollscoileanna agus ár gcéimithe

- Toradh ardleibhéil: Cur leis an líon fochéimithe atá cláraithe i gContae Chill Chainnigh i gcomparáid le figiúirí 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Cur leis an leibhéal rannpháirtíochta in oideachas tríú leibhéal i gcomparáid le figiúirí 2022/23

Cuspóir 6b: cur leis an gcéatadán de chéimithe le déanaí a fhaigheann post sa Chontae

- Toradh ardleibhéil: Cur leis an gcéatadán de chéimithe a fhaigheann post i gContae Chill Chainnigh i gcomparáid le figiúirí 2022/23

## Téama 3: Pobal

Sprioc 7: D'fhonn éagothroime a laghdú agus tacú leis an tábhacht a bhaineann le sláinte agus folláine agus an méid sin a chur chun cinn, déanfaimid an méid seo a leanas…

Cuspóir 7a: díreoimid ar dhéileáil leis na cinntithigh shóisialta níos ginearálta a bhaineann le sláinte - na himthosca ina saolaítear daoine, ina bhfásann siad anois, ina maireann siad, ina n-oibríonn siad agus aois - chun deiseanna geilleagracha, sóisialta, cultúrtha, áineasa agus spóirt a chruthú mar aon le timpeallacht fhisiciúil a thacóidh le saol sláintiúil feabhsaithe

- Toradh ardleibhéil: A chinntiú go gcaitheann gach duine saol sláintiúil agus tacú le folláine daoine de gach aois

Cuspóir 7b: tacú le feabhsuithe meabhairshláinte, lena n-áirítear cur chuige réamhghníomhach maidir le folláine, comhthéacs timpeallachta agus cruthaitheacht a spreagadh

- Toradh ardleibhéil: Tacú le meabhairshláinte agus folláine dhearfach i measc daoine de gach aois

Sprioc 8: Chun an líon daoine atá ag déileáil le bochtaineacht a laghdú agus tacú le forbairt pobail, seasmhacht an phobail, ceartas aeráide, imeascadh, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht shóisialta, déanfaimid an méid seo a leanas…

Cuspóir 8a: acmhainní spriocdhírithe a chur ar fáil agus tairbhe a bhaint as cuir chuige chomhtháite i ngach réimse seirbhíse le haghaidh na ndaoine agus na n-áiteanna sin atá ag déileáil le díothacht agus bochtaineacht

- Toradh ardleibhéil: Maoiniú curtha ar fáil ar bhealach comhréireach do limistéir agus grúpaí atá sainaitheanta mar limistéir agus grúpaí atá ag déileáil le leibhéil shuntasacha díothachta agus bhochtaineachta

Cuspóir 8b: tacú le feasacht idirchultúrtha, seasmhacht an phobail, imeascadh agus éagsúlacht trí rannpháirtíocht lánbhrí le saoránaigh, chun comhdheiseanna a chinntiú do dhaoine scothaosta, iad siúd atá faoi mhíchumas agus gach grúpa mionlaigh

- Toradh ardleibhéil: Rannpháirtíocht mhéadaithe grúpaí mionlaigh d'aois oibre atá fostaithe nó i mbun cúrsaí oideachais (gníomhach go geilleagrach) i gcomparáid le figiúirí 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Laghdú ar an líon daoine atá ag tuairisciú go bhfuil siad uaigneach i gcomparáid le figiúirí 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Cur leis an líon daoine a bhaineann le grúpaí mionlaigh atá ag glacadh páirte i dtoghcháin áitiúla agus gníomhaíochtaí pobail agus deonacha
- Toradh ardleibhéil: Níos mó fianaise ar rannpháirtíocht pobal imeallaithe agus mionlaigh le Comhairle Contae Chill Chainnigh agus príomhpháirtithe eile
- Toradh ardleibhéil: Seasmhacht an phobail a chinntiú





Sprioc 9: Chun acmhainn áitiúil mhéadaithe a fhorbairt agus an cumas infheistíocht shóisialta a spriocdhíriú a fheabhsú trí bhreis rannpháirtíochta le grúpaí pobail áitiúla a thacóidh le saoráidí, tacaíochtaí agus seirbhísí pobail feabhsaithe, déanfaimid an méid seo a leanas…

Cuspóir 9a: freagairt go díreach do na himpleachtaí atá ag próifíl aoise athraitheach agus an riosca gaolmhar a bhaineann le daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus uirbeacha a bheith eisiata go sóisialta

- Toradh ardleibhéil: Cur le líon rannpháirtithe grúpaí pobail áitiúla atá cláraithe nó gníomhach le gach páirtí leasmhar i gcomparáid le figiúirí 2022/23

Cuspóir 9b: foghlaim ón obair rathúil atá curtha i gcrích agus níos mó rannpháirtíochta chun tacú le grúpaí sonracha a bhfuil lagmhisneach orthu nó nach bhfuil sách muiníneach chun ról níos réamhghníomhaí a bheith acu lena bpobail

- Toradh ardleibhéil: Cur leis an rannpháirtíocht taifeadta i ngach aois grúpa i ngníomhaíochtaí pobail / grúpaí cláraithe nó gníomhach le gach páirtí leasmhar i gcomparáid le figiúirí 2022/23

Cuspóir 9c: riachtanais agus acmhainn an phobail a shainaithint, a shainiú agus a thuairisciú, chun díriú ar thacaíocht agus bonneagar a sholáthar amach anseo

- Toradh ardleibhéil: Comhordú faisnéise feabhsaithe sna hearnálacha pobail agus deonacha trí chéile chun maoiniú grúpaí / saoráidí pobail a mhapáil

Sprioc 10: Chun soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí oiriúnacha pobail a chothabháil d'fhorbairtí tithíochta nua agus reatha,
déanfaimid an méid seo a leanas...

Cuspóir 10a: leabófar tacaíocht laistigh de phobail le haghaidh na dteaghlach is leochailí

- Toradh ardleibhéil: Laghdú ar rátaí neamhchónaitheacha (gluaiseachtaí laistigh de níos lú ná 12 mhí) teaghlach níos leochailí laistigh de thithíocht shóisialta a forbraíodh le déanaí i gcomparáid le figiúirí 2022/23
- Toradh ardleibhéil: Deimhníonn pobail go bhfuil siad sásta lena bhforbairtí tithíochta nua
- Toradh ardleibhéil: Níos mó fianaise ar rannpháirtíocht le pobal an Lucht Siúil maidir le fadhbanna tithíochta

Cuspóir 10b: a bheith réamhghníomhach chomh fada is a bhaineann le brú athraitheach agus nua ar éileamh tithíochta ar fud na hÉireann, agus i ndáil leis na daoine laistigh den chontae a bhfuil riachtanas cóiríochta acu.

- Toradh ardleibhéil: Úsáid cóiríocht shealadach do theaghlaigh a bhogann go Cill Chainnigh a shainaithint agus a bhainistiú agus an fhoráil a mhéadú de réir mar is gá
- Toradh ardleibhéil: Laghdú ar an líon daoine a chodlaíonn amuigh i gcomparáid le figiúirí 2022/23

# 5. Socruithe Cur Chun Feidhme

## Ár bPlean Feidhmithe Tosaigh a fhorbairt

Ar mhaithe lenár Spriocanna, Cuspóirí agus Torthaí a chomhlíonadh, tá ár bPlean Feidhmithe Tosaigh forbartha againn. Tá sé seo á fhoilsiú comhthreomhar leis an LECP agus ní mór iad a léamh le chéile. Nuashonrófar an Plean Feidhmithe uair amháin gach dhá bhliain d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé ábhartha agus ag freagairt do chomhthéacs, deiseanna agus dúshláin athraitheacha.

Sonraítear sa Phlean Feidhmithe tacar gníomhaíochtaí le haghaidh gach cuspóir a chreidimid a mbeidh tionchar acu ag leibhéal aonair agus comhchoiteann chomh fada is a bhaineann leis na Cuspóirí Ardleibhéil a chomhlíonadh.

Pointe tábhachtach is ea nach bhfuil tagairt déanta do gach smaoineamh, tionscnamh maith nó gealltanas sainaitheanta tríd an bpróiseas. B'éigean dúinn gníomhaíochtaí a eagrú in ord tosaíochta, agus a chur san áireamh go mbeidh líon níos mó straitéisí, eagraíochtaí agus grúpaí i gCill Chainnigh, ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil, ag tacú leis an LECP. Dá réir sin, tá gníomhaíochtaí eagraithe in ord tosaíochta trí phróiseas rannpháirtíochta leis na gníomhaireachtaí sin a bhí agus a bheidh freagrach, i dteannta leis an gComhairle, as tacú le hathrú agus fás
i gCill Chainnigh.

Níl an liosta seo dúnta. Ciallaíonn nádúr orgánach an LECP go mbeidh sé indéanta gníomhaíochtaí breise a shainaithint áit ar gá chun freagairt d'imthosca athraitheacha agus deiseanna maoinithe, nó gníomhaíochtaí atá sainaitheanta mar ghníomhaíochtaí tábhachtacha ag páirtithe leasmhara, gnóthaí agus saoránaigh. Déanfaimid na gníomhaíochtaí sainaitheanta trínár bpróiseas de mhonatóireacht bhliantúil a athnuachan thar thréimhse iomlán sé bliana an Phlean.

> *Nuashonrófar an Plean Feidhmithe uair amháin gach dhá bhliain d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé ábhartha agus ag freagairt do chomhthéacs, deiseanna agus dúshláin athraitheacha.*

Is túsphointe tábhachtach iad, áfach, d'fhonn a chinntiú go bhfuil cuntasacht agus gealltanas luaite le dul chun cinn.

## Freagracht chomhchoiteann

Beidh go leor de na gníomhaíochtaí á dtreorú ag an gComhairle de bhrí go bhfuil sí freagrach as athrú agus spriocanna bunaithe d'athrú agus d'fhás a chomhlíonadh trí chuspóirí corparáideach, freagrachtaí agus straitéisí atá bunaithe cheana féin. Áirítear anseo sampla den obair a rinneamar chun cur lenár spriocanna náisiúnta a bunaíodh chun léargas a thabhairt ar an ngealltanas atá tugtha againn déileáil leis an ngéarchéim aeráide agus bhithéagsúlachta.

Beidh cur i gcrích rathúil na ngníomhaíochtaí, ina n-iomláine, áfach, ag brath ar roinnt fachtóirí i dteannta a chéile, go háirithe dóthain acmhainní a chur ar fáil agus a leithdháileadh le haghaidh gníomhaíochtaí ainmnithe, agus comhoibriú agus comhar idir gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí, agus leis an gComhairle, chun na gníomhaíochtaí comhaontaithe a chur i gcrích.

Cuirfidh ganntanas acmhainní agus easpa comhoibrithe, ar a íosmhéid, moill ar sholáthar na ngníomhaíochtaí laistigh de fhrámaí ama comhaontaithe agus is é an rud is measa a d'fhéadfadh tarlú nach mbeidh na gníomhaíochtaí á gcur i gcrích go sásúil.

Samhlaítear go leithdháilfidh gníomhaireachtaí a sainaithnítear mar ghníomhaireachtaí a bhfuil ról lárnach acu i soláthar gníomhaíochtaí acmhainní oiriúnacha chun cabhrú leis na gníomhaíochtaí tosaíochta a bhaint amach, i dteannta lena gcroíréimse gníomhaíochta. Tuairisceoidh ceannghníomhaireachtaí, de réir mar is cuí, don Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) d'Fhorbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta agus Turasóireachta agus don LCDC i ndáil leis an dul chun cinn atá á dhéanamh acu chomh fada is a bhaineann le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme.

Beifear ag súil go dtairgfidh gníomhaireachtaí atá sainaitheanta mar ghníomhaireachtaí a bhfuil ról tacúil acu tacaíocht chomhréireach agus go mbeidh acmhainní á leithdháileadh acu chun cabhrú leis na príomhghníomhaíochtaí sin.

Beidh ról ríthábhachtach ag monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ábhartha agus á bhforbairt mar is cuí, agus chun aon bhearnaí poitéinsiúla a shainaithint. Tá creat monatóireachta agus meastóireachta le fáil sa rannóg seo a leanas den LECP seo.


kilkenny
where people move

# 6. Monatóireacht agus Meastóireacht

Cuirfidh an LECP chun feidhme thar thréimhse sé bliana, idir 2023 agus 2028.

Tá gníomhaíochtaí tosaíochta sainaitheanta sa Phlean Feidhmithe Thosaigh a gcuirfear tús leo laistigh den chéad dhá bhliain den tréimhse seo. Cuirfear cuid de na gníomhaíochtaí seo i gcrích laistigh den tréimhse ama seo agus cuirfear gníomhaíochtaí eile fós i gcrích i mblianta ina dhiaidh sin agus thar shaolré iomlán an LECP b'fhéidir.

Dá réir sin, beidh ról ríthábhachtach ag monatóireacht ar dhul chun cinn gníomhaíochtaí aonair d'fhonn a chinntiú go bhfuil an LECP agus an Plean Feidhmithe sofhreagrach d'athrú agus na daoine atá freagrach as na hathruithe á thabhairt chun cuntais. Éascóidh sé seo próiseas de mheastóireacht leanúnach mar aon le sásraí agus aschuir thuairiscithe níos foirmiúla.

Tá cur síos ar fhreagrachtaí as agus aschuir an phróisis seo le fáil thíos.

## Freagrachtaí

Beidh Comhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar Sprioc Ardleibhéil 1 (Téarma 1 An tAthrú Aeráide), ó tharla go bhfuil freagrachtaí corparáideacha ginearálta aici feidhmíocht a thuairisciú i gcomparáid le spriocanna náisiúnta maidir leis an gceist seo.

Beidh SPC d'Fhorbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta agus Turasóireacht (SPC1) Chomhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí geilleagracha seo (Téama 2). Áireofar anseo idirchaidreamh leis na Príomhpháirtithe sin lasmuigh den Chomhairle atá freagrach as gníomhaíochtaí geilleagracha.

Beidh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Chontae Chill Chainnigh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí pobail (Téama 3). Áireofar anseo idirchaidreamh a dhéanamh leis an Príomhpháirtithe sin lasmuigh den Chomhairle atá freagrach as gníomhaíochtaí pobail.

Beidh Grúpa Comhairleach an LECP, a bhfuil ionadaithe ón LCDC agus SPC1 páirteach ann, freagrach as an bpróiseas a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh air agus aschuir thuairiscithe ghaolmhara a ullmhú. Bainfidh an Grúpa seo tairbhe as foireann tacaíochta ón LCDC agus SPC1 de réir mar is gá chun na haschuir thuairiscithe mhonatóireachta bhliantúla a ullmhú.

> *Beidh ról ríthábhachtach ag monatóireacht ar dhul chun cinn gníomhaíochtaí aonair d'fhonn a chinntiú go bhfuil an LECP agus an Plean Feidhmithe sofhreagrach d'athrú agus na daoine atá freagrach as na hathruithe á thabhairt chun cuntais.*

## Monatóireacht a dhéanamh ar aschuir

Táthar ag súil go dtiomsóidh na daoine atá freagrach as monatóireacht faisnéis i rith na bliana chun bonn eolais a chur ar fáil do phróiseas monatóireachta bliantúil. Áireofar anseo:

- Idirchaidreamh le gníomhaireachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla eile chun tacair sonraí foilsithe ag leibhéal Contae a thiomsú atá riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomparáid leis na Torthaí Ardleibhéil ábhartha;
- Ábhair chás-staidéir a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha a thiomsú de réir mar is cuí. Beidh ról tábhachtach aige seo chomh fada is a bhaineann rath a dhoiciméadú agus d'fhéadfaí go n-áireofaí ann faisnéis tuairiscithe sa phreas / i líonraí eile agus is féidir an t-ábhar bailithe a úsáid mar acmhainn thábhachtach freisin chun poiblíocht sheachtrach a dhéanamh ar an gComhairle agus ar pháirtithe leasmhara eile; agus





- Garspriocanna suntasacha i gcomparáid le gníomhaíochtaí atá déanta ag gníomhaireachtaí áitiúla atá ainmnithe mar Phríomh-Chomhpháirtithe a thiomsú. Beidh sé seo ábhartha go háirithe sa chás go mbaineann le PTFanna le gníomhaíochtaí a bhaineann le garspriocanna cosúil le doiciméad a chur i dtoll a chéile, ceapachán poist nó imeacht sonrach

Cuirfear faisnéis bailithe, de réir mar is cuí, i dtoll a chéile agus i láthair an SPC agus an LCDC ag a gcruinnithe i rith na bliana mar bhealach chun aiseolas a roinnt agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Díreofar le haon cheisteanna a thagann chun solais i rith na gcruinnithe seo.

Cabhróidh monatóireacht agus meastóireacht leanúnach lena chinntiú go bhfuil an LECP ailínithe le agus ag tacú le straitéisí contae, náisiúnta, AE agus le príomhstraitéisí eile. Chomh maith leis sin, ar an tslí seo cinnteofar go mbeidh ceachtanna foghlamtha á gcur san áireamh go córasach chun gníomhaíochtaí agus torthaí sa todhchaí a fheabhsú.

Ag cur leis an bpróiseas de mhonatóireacht leanúnach, ullmhóidh an Grúpa Comhairleach Doiciméad Monatóireachta agus Meastóireachta Bliantúil gach bliain.

Ní mór go mbeadh an méid seo a leanas san áireamh san aschur:

- Más cuí, méadracht / fianaise feidhmíochta i gcomparáid le Torthaí Ardleibhéil trí dheais shimplí a sholáthar. Maidir leis na Torthaí sin nach mbíonn táscairí intomhaiste cainníochtaithe mar thoradh leo, ba cheart achoimre ghonta maidir le feidhmíocht a shonrú;
- Nuashonrú maidir le dul chun cinn do gach gníomhaíocht, lena n-áirítear fianaise chun tacú le dul chun cinn i gcomparáid leis na PTFanna sainaitheanta;
- Measúnú Dearg, Ómra, Glas (RAG) den dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le gach gníomhaíocht;
- Míniú sa chás nach ndearnadh an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis i ndáil le gníomhaíochtaí; agus
- Gníomhaíochtaí a bhaint den Phlean sa chás go bhfuil siad críochnaithe go rathúil agus/nó cúis dlisteanaithe a léiríonn nach bhfuil siad infheidhme / insoláthartha níos mó.

Nuair a bhíonn an méid thuasluaite curtha i dtoll a chéile, cuirfear crío leis an doiciméad leis an méid seo a leanas:

- Achoimre fhoriomlán ar dhul chun cinn atá déanta;
- Sainaithint shoiléir Cuspóirí sa chás go bhfuil ábhair imní ag baint leis an leibhéal dul chun cinn atá á dhéanamh;
- Srianta sainaitheanta nach mór a bhreithniú agus a bhfuil tionchar acu ar fheidhmíocht lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá molta mar ghníomhaíochtaí ar cheart déileáil leo; agus
- Sainaithint gníomhaíochtaí breise atá le cur san áireamh sa Phlean Feidhmithe.

Beidh an tuarascáil seo faoi réir próiseas Scagtha atá bunaithe ar Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA) de réir mar is cuí. Ar an tslí seo, cinnteofar go mbeidh Cur Chun Feidhme an LECP ag teacht leis an Straitéis Réigiúnach agus leis an bPlean Forbartha Contae.

Cuirfear an Tuarascáil Bhliantúil Mhonatóireachta agus Mheastóireachta i láthair ag comhchruinniú de SPC1 agus LCDC lena faomhadh ag a gcéad chruinniú gach bliain.

# Aguisín 1: Gluais

Measúnacht Chuí (AA) – Is é AA an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar phróiseas foirmiúil ina ndéantar scrúdú ar na himpleachtaí is dócha a bheidh ag láithreáin a ainmniú mar láithreáin lena mbaineann tábhacht ag leibhéal Eorpach agus atá á gcosaint ag Dlí Náisiúnta agus Eorpach le haghaidh aon phlean nó togra tionscadail. In Éirinn, is Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna nó cSACanna is iarrthóir faoi láthair) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) iad na láithreáin seo. Eascraíonn an oibleagáid chun measúnú cuí a dhéanamh as Airteagal 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga, agus san áireamh iontu tá roinnt céimeanna agus tástálacha nach mór iad a chur i bhfeidhm in ord seicheamhach.

Inrochtana – Is éard atá i gceist le faisnéis inrochtana gur féidir le daoine faoi mhíchumas an fhaisnéis a rochtain agus a thuiscint go héasca. Is éard atá i gceist le seirbhís inrochtana seirbhís a bhfuil sé mar aidhm léi tacú le daoine faoi mhíchumas mar aon le húsáideoirí seirbhíse eile. Rinneadh iarracht sa LECP seo agus sa Phlean Feidhmithe inrochtaineacht a chinntiú agus a chinntiú go bhfuil fianaise ar phrionsabail seirbhísí inrochtana le fáil ann.

Géarchéim bhithéagsúlachta – D'fhógair an Rialtas Géarchéim Bhithéagsúlachta mar aon le hÉigeandáil Aeráide. Fianaise ba ea seo go bhfuiltear ag glacadh leis go bhfuil bithéagsúlacht na hÉireann an-leochaileach do thionchair an athraithe aeráide agus tugtar aitheantas freisin do na rioscaí gaolmhara a bhaineann le hilroinnt agus caillteanas gnáthóg, dúshaothrú, truailliú aeir, uisce agus ithreach agus scaipeadh speiceas ionrach.

Bord Oideachais agus Oiliúna Cheatharlach Chill Chainnigh (BOO) – Is é an BOO an t-údarás oideachais reachtúil agus an fheithicil atá in úsáid chun cláir chomhordaithe oideachais agus oiliúna a reáchtáil ar fud na hÉireann.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláine Cheatharlach/ Chill Chainnigh (FSS) – Soláthraíonn FSS raon leathan seirbhísí sláinte, pearsanta agus sóisialta do phobal Cheatharlach agus Chill Chainnigh.

Geilleagar Ciorclach – Samhail táirgthe agus tomhaltais, a gcuimsítear inti roinnt, léasú, athúsáid, deisiú, athchóiriú agus athchúrsáil ábhar agus táirgí atá ar fáil le haghaidh tréimhse chomh fada agus is féidir, agus an tslí sin síneadh a chur le saolré táirgí.

An t-athrú aeráide – Áirítear in athrú aeráide téamh domhanda atá faoi thionchar astaíochtaí daonna gás ceaptha teasa, agus na hathruithe móra a tharlaíonn ar phatrúin aimsire dá bharr sin.

Gníomhú ar son na haeráide – Admhaíonn Rialtas na hÉireann go bhfuil tionchar tubaisteach ag an athrú aeráide ar ár ngeilleagar, sochaí agus timpeallacht cheana féin agus go leanfaidh sé seo ar aghaidh amach anseo. Aithnítear, dá réir sin, gur gá gníomhú ar bhealach uaillmhianach ar son na haeráide chun todhchaí inbhuanaithe ag leibhéal náisiúnta agus domhanda a chinntiú. Foráiltear sa Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 d'iarrachtaí tacú le haistriú na hÉireann chun Aeráidneodracht agus geilleagar neodrach ó thaobh carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chill Chainnigh, sainaitheanta laistigh den Phlean Feidhmithe, ag teacht leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide náisiúnta faofa.

Ceartas aeráide – Úsáidtear an téarma 'ceart aeráide' chun téamh domhanda a mhíniú mar fhadhb eiticiúil agus pholaitiúil, seachas fadhb chomhshaoil nó fhisiciúil. Déantar é seo trí éifeachtaí an athraithe aeráide a nascadh le coincheapa an cheartais, go háirithe ceartas comhshaoil agus ceartas sóisialta agus trí scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna cosúil le comhionannas, cearta an duine, cearta comhchoiteanna agus na freagrachtaí stairiúla atá luaite leis an aeráid.

Dlúthfhás – Sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) bunaítear cuspóir a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le Dlúthfhás. Is é an aidhm atá leis seo tacú le dlúthfhás lonnaíochtaí uirbeacha agus tuaithe níos dlúithe a bhfuil poist, tithíocht, seirbhísí agus taitneamhachtaí pobail ag tacú leis. Is é an rún atá ann dlús agus comhdhlúthú éifeachtach a chinntiú seachas tacú le tuilleadh sraoilleála uirbí.

Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Chainnigh – Cuideachta Forbartha Áitiúil atá freagrach as Clár Gníomhachtaithe um Chuimsiú Sóisialta agus gné LEADER den Chlár Forbartha Pobail sa chontae. Tá LEADER cómhaoinithe ag an AE agus ag Státchiste na hÉireann agus tacaíonn sé le fiontair phríobháideacha agus le grúpaí pobail chun an caighdeán beatha agus gníomhaíocht gheilleagrach i gceantair thuaithe a fheabhsú. Tá sé beartaithe go mbeidh Plean Feidhmithe LCEP ag obair taobh leis an Straitéis Forbartha Áitiúil (LDS) LEADER.

Míchumas – San eolas a chuir An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ar fáil maidir le staitisticí míchumais, rangaítear duine faoi mhíchumas mar dhuine a d'fhreagair 'tá' nuair a cuireadh ceist maidir le haon cheann den seacht riocht mharthanacha sainaitheanta nó aon cheann den cheithre chatagóir a bhaineann le 'deacrachtaí'.

Teicneolaíocht an Airgeadais – Is nuálaíocht airgeadais teicneolaíochtchumasaithe í Teicneolaíocht an Airgeadais atá mar bhonn leis an tslí a sholáthraíonn institiúidí airgeadais – agus a úsáid tomhaltóirí agus gnóthaí – seirbhísí airgeadais. Tá nuálaíocht agus athruithe ag cruthú deiseanna gnó agus gnólachtaí nua.

Teicneolaíocht Ghlas – Is téarma é Teicneolaíocht Ghlas atá in úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht agus eolaíocht chun táirgí agus seirbhísí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chruthú.

Glasbhealaí – Is conairí iad glasbhealaí atá le húsáid go heisiach ag rothaithe, coisithe agus modhanna iompair eile gan inneall agus go ginearálta is bealaí saor ó thrácht atá iontu. In 2018, sheol an Rialtas 'Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo.'

Teaghlach – Sa Daonáireamh is ionann teaghlach príobháideach agus duine amháin atá ina c(h)ónaí ina (h)aonar nó grúpa daoine (ní gá go mbeidís gaolta lena chéile) atá ina gcónaí ag an seoladh céanna agus a bhfuil a gcuid socruithe bainistí mar an gcéanna – is é sin, bíonn béile amháin ar a laghad acu lena chéile gach lá nó tá an seomra suí céanna in úsáid acu.

Plean Feidhmithe – Doiciméad ina sonraítear na céimeanna atá riachtanach chun forfheidhmiú agus feidhmiú plean, smaoinimh, samhla nó beartais a éascú, mar aon leis na céimeanna feidhmithe soiléire atá le leanúint. Tá plean feidhmithe thosaigh dhá bhliain ullmhaithe agus foilsithe ar leithligh don LECP seo.

Grúpa Rochtana Chill Chainnigh – Grúpa bunaithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil cathair agus contae Chill Chainnigh chomh hinrochtana agus is féidir agus chun feasacht ar shaincheisteanna atá ag cur isteach ar dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú.

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Chill Chainnigh – Is é an LRP an creat atá ag tacú le rannpháirtíocht phoiblí. Glacfar leis an LRP mar an príomhnasc trína nascann an t-údarás áitiúil leis na hearnálacha pobail, cuimsiú sóisialta agus comhshaoil. Is é an aidhm atá leis an LRP eagraíochtaí poiblí atá ag feidhmiú laistigh den phobal trí chéile a éascú agus a chumasú ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh aird á tarraingt ar thuairimí, saincheisteanna agus leasanna difriúla laistigh den chóras rialtais áitiúil.

Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) – Is ionad ilfhreastail é an OFÁ do sheirbhísí tacaíochtaí gnó agus soláthraíonn foireann na hoifige comhairle, eolas agus tacaíocht do ghnóthaí atá bunaithe cheana féin agus do dhaoine ar spéis leo gnó nua a bhunú, lena n-áirítear fiontraithe, tionscnóirí luathchéime, gnólachtaí nuathionscanta agus gnóthaí beaga atá ag iarraidh forbairt.

Teagasc – Is é an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia an comhlacht náisiúnta atá ag soláthar seirbhísí comhtháite taighde, comhairleacha agus oiliúna do thionscal an bhia agus do phobail thuaithe.

Teicneolaíocht Mhíochaine – Is éard atá i gceist le Teicneolaíocht Mhíochaine na teicneolaíochtaí ar fad a úsáidtear chun críocha míochaine. Bhí forbairt teicneolaíochtaí agus nuálaíoch san earnáil cúraim sláinte mar bhonn le líon níos mó gnóthaí a bheith ag glacadh páirte i dTeicneolaíocht Mhíochaine a fhorbairt, a tháirgeadh agus a sheachadadh.

An Plean Forbartha Náisiúnta – Mar chuid de Thionscadal Éireann 2040, sonraithe sa NDP straitéis infheistíochta agus buiséad infheistíochta uileghabhálach an Rialtais don tréimhse idir 2021-2030. Is plean uaillmhianach atá ann ina gcinntítear go bhfuil cothromaíocht idir an t-éileamh suntasach ar infheistíocht phoiblí i ngach earnáil agus réigiún in Éirinn agus tá béim shuntasach á leagan ar sheachadh tionscadal bonneagair chun dlús seachadta agus luach ar airgead a chinntiú.

Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) – Is é an NPF plean straitéiseach ardleibhéil an Rialtais chun fás agus forbairt na tíre a chinntiú idir seo agus an bhliain 2040. Is creat atá ann a bhfuil sé mar aidhm leis infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a threorú.

Díothacht Choibhneasta – Dúradh gurb ionann an staid díothachta agus 'míbhuntáiste infheicthe agus soiléire i gcoibhneas leis an bpobal áitiúil lena mbaineann duine aonair'[13]. In Innéacs Díothachta Náisiúnta na Tríonóide 2016 úsáidtear ceithre tháscaire chun innéacs díothachta a chruthú – dífhostaíocht, aicme shóisialta íseal (bunaithe ar ghrúpálacha ceirde), tithíocht ar cíos ón údarás áitiúil, úinéireacht gluaisteán (mar thomhas ionadach d'ioncam indiúscartha).

Ring a Link – Eagraíocht charthanachta, neamhbhrabúis atá á maoiniú ag an Roinn Iompair, a tháirgeann modhanna iompair inacmhainne agus áisiúla do theaghaisí tuaithe sna contaetha seo a leanas - Ceatharlach, Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann Theas. Freagraíonn seirbhísí Ring a Link d'éileamh agus téann siad ó dhoras go doras.

Taisteal Níos Cliste – An leagan gearr de dhoiciméad Beartais maidir le hIompar Inbhuanaithe na Roinne Iompair 'Taisteal Níos Cliste: Todhchaí Iompair Inbhuanaithe 2009 - 2020'. Is é an aidhm atá leis an straitéis seo daoine a chur ag machnamh faoi conas agus cén fáth a ndéanann siad roghanna taistil le haghaidh turais. Tá an Clár um Thaisteal Gníomhach ag tacú leis, clár a bhfuil sé mar aidhm leis infheistíocht i roghanna taisteal gníomhach a éascú, siúl agus rothaíocht san áireamh.

Fiontraíocht shóisialta – Cur chuige atá in úsáid ag daoine aonair, grúpaí, cuideachta nuathionscanta nó fiontraithe, ina bhforbaíonn siad, ina maoiníonn siad agus ina gcuireann siad réitigh ar cheisteanna sóisialta, cultúrtha nó comhshaoil i bhfeidhm. Is féidir an coincheap seo a chur i bhfeidhm i gcinéalacha eagraíochtaí éagsúla; eagraíochtaí móra agus beaga, a bhfuil aidhmeanna agus tuiscintí difriúla acu.

---

13 Townsend, P., Deprivation. Journal of Social Policy, 1987. 16: lgh 125 - 146

Fiontraíocht Shóisialta – Fiontraíocht atá i mbun trádála chun críche sóisialta / sochaíoch, agus tá cuid den ioncam ar a laghad á thuilleamh ó ghníomhaíocht trádála, ar leithligh ón rialtas, agus déantar an barrachas a athfheistiú sa chuspóir shóisialta.

Eisiamh Sóisialta – Is éard atá i gceist le heisiamh sóisialta an t-éagumas páirt a ghlacadh sa tsochaí mar gheall ar ghanntanas acmhainní a bhíonn ar fáil don phobal i gcoitinne de ghnáth.

Cuimsiú Sóisialta – An próiseas a bhfuil sé mar aidhm leis na téarmaí ar a bhfuil rannpháirtíocht daoine aonair agus grúpaí sa tsochaí bunaithe a fheabhsú – cumas, deiseanna agus dínit daoine faoi mhíbhuntáiste bunaithe ar a bhféiniúlacht a fheabhsú. In 2020 d'fhoilsigh an Rialtas 'An Treochlár don Chuimsiú Sóisialta 2020-2025 - Uaillmhian, Spriocanna agus Gealltanais' a raibh sé mar aidhm leis an líon daoine in Éirinn atá ag déileáil le bochtaineacht go leanúnach a laghdú agus leibhéil chuimsithe shóisialta a mhéadú dóibh siúd atá faoin míbhuntáiste is mó.

Clár Gníomhachtúcháin agus Pobail um Chuimsiú Sóisialta (SICAP) – Clár ilbhliantúil a bhfuil sé mar aidhm leis bochtaineacht a laghdú agus tacú le cuimsiú sóisialta agus comhionannas. Cuspóir lárnach é tacú le daoine atá faoi mhíbhuntáiste a gcaighdeán saoil a fheabhsú trí thacú le deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus leis an margadh fostaíochta. Cuirtear gníomhaíochtaí SICAP san áireamh sa Phlean Feidhmithe.

Plean Fiontraíochta Réigiún an Oirdheiscirt – Seoladh Plean Fiontraíochta Réigiún an Oirdheiscirt go dtí 2024 i mí an Mhárta 2022. San áireamh ann tá tionscadail agus tionscnaimh atá ar siúl i gceithre chontae in Oirdheisceart na tíre (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Port Láirge agus Loch Garman).

Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) – Is í SETU an chéad ollscoil teicneolaíochta in oirdheisceart na hÉireann. Is ollscoil ilchampais atá ann - tá campas i bPort Láirge, Ceatharlach agus Loch Garman.

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Gheilleagrach an Deiscirt (RSES) – Tháinig an RSES i bhfeidhm ar an 31 Eanáir 2020 agus is éard atá ann creat forbartha fadtéarmach, straitéiseach atá ag tacú le forbairt fhisiciúil, gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Deiscirt amach anseo agus áirítear ann Pleananna Ceantair Straitéiseacha Uirbeacha (MASPanna) chun forbairt na dtrí phríomhchathair agus ceantar réigiúnach sa Réigiún a threorú – Corcaigh, Luimneach-Sionainn agus Port Láirge. Is é atá mar aidhm leis forbairt chothrom réigiúnach a chinntiú agus Tionscadal Éireann 2040 – an Creat Náisiúnta Pleanála a chur chun feidhme ina iomláine.

Páirtí Leasmhar – Duine cosúil le fostaí, custaiméir nó saoránach a bhfuil baint aige nó aici le heagraíocht, cumann etc. agus a bhfuil freagrachtaí air nó uirthi, dá réir sin, a bhaineann leis an eagraíocht nó cumann agus spéis sa dul chun cinn a dhéantar.

Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) – Próiseas córasach tacaíochta cinnteoireachta, a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go mbreithnítear gnéithe timpeallachta agus gnéithe inbhuanaitheachta eile freisin b'fhéidir i bhforbairt beartas, pleananna agus clár.

Forbairt Inbhuanaithe – Forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta amach anseo a gcuid riachtanas féin a chomhlíonadh. Sonraítear i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe, mar aon le plean gníomhaíochta, ar ghlac gach Ballstát de na Náisiúin Aontaithe leo in 2015. Sa phlean seo, samhlaítear domhan inar féidir le náisiúin tairbhe a bhaint as fás geilleagrach ionchuimsitheach agus inbhuanaithe,
deiseanna maithe oibre do gach duine agus domhan ina mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgthe, mar aon leis an úsáid atá á baint as acmhainní nádúrtha, inbhuanaithe.

Geilleagar inbhuanaithe – Tá sé sainaitheanta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go bhfuil seasmhacht gheilleagrach na hÉireann nasctha go dlúth le caighdeán an chomhshaoil agus le ról tacaíochta éiceachórais agus acmhainní nádúrtha na hÉireann. Cuirtear san áireamh i gcoincheap 'geilleagar ciorclach', a bhfuil cur síos déanta air thuas, prionsabal an fháis gheilleagraigh inbhuanaithe a chiallaíonn go mbeifear ag leanúint le fás ar bhonn fadtéarmach gan fadhbanna nó castachtaí geilleagracha
a chruthú.

Tús Áite do Lár Bailte; – D'fhoilsigh an Rialtas 'Tús Áite do Lár Bailte: Cur Chuige Beartais do Bhailte na hÉireann' ar dtús in 2022. Is é an aidhm atá leis an mbeartas lár bailte a chruthú a fheidhmíonn mar shuíomhanna inmharthana, bríomhara agus mealltacha do dhaoine ar mian leo a bheith ina gcónaí iontu, ag obair iontu agus do dhaoine ar mian leo cuairt a thabhairt orthu, agus ag an am céanna feidhmiú mar mhol seirbhíse, sóisialta, cultúrtha agus áineasa don phobal áitiúil. Tacaíonn sé le 'Ár dTodhchaí Tuaithe' agus cuireann sé leis an gcuspóir atá luaite le Dlúthfhás agus cuirtear san áireamh é sna gníomhaíochtaí atá sonraithe sa Phlean Feidhmithe.

TUSLA -An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach. – An ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as folláine agus torthaí do leanaí a fheabhsú.

# Aguisín 2: Faisnéis maidir le Comhairliúchán Poiblí

Déantar achoimre san Aguisín seo ar an gcur chuige a úsáideadh i ndáil leis an gcomhairliúchán poiblí a bhain leis an LECP agus leis an príomhthorthaí. Tá eolas maidir leis an bpróiseas iomlán agus na haighneachtaí faighte trí na cleachtaí rannpháirtíochta éagsúla curtha i gcríche le fáil i dTuarascáil Chomhairliúcháin Phlean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail Chill Chainnigh.

## Modheolaíocht Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Cuireadh próiseas de chomhairliúchán agus rannpháirtíocht phoiblí i gcrích lena n-áirítear cleachtadh suntasach mar chuid de Chéim 2 de phróiseas modheolaíochta an LECP.

Mar chuid de chomhairliúchán Chéim 2, rinneadh suirbhé bonnlíne mar chuid den chéad chuid de chomhairliúchán dhá chéim a cuireadh i gcrích i gceithre chuid, agus próiseas comhdhearaidh, inar úsáideadh Modheolaíocht "*Double Diamond*" Chomhairle Dearaidh na Ríochta Aontaithe.

Bhí 15 cheist ar fad sa suirbhé (fiosrúcháin iata agus oscailte) Rinne na freagróirí ionadaíocht ar raon páirtithe leasmhara a raibh spéis acu i gCill Chainnigh, lena n-áirítear cónaitheoirí, fostaithe, cuairteoirí agus ionadaithe tofa.


Óstáladh an suirbhé ar shuíomh gréasáin a forbraíodh go speisialta don tionscadal, áit a raibh achoimre ar chuspóir an tsuirbhé le fáil mar aon le cóip den Dréacht-LECP [www.yourkilkennylecp.ie.](www.yourkilkennylecp.ie)

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin "taisceálaíochta" luathchéime nuair a seoladh an suirbhé sa chontae trí chéile, agus nuair a lorgaíodh tuairimí agus ionchur maidir le Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil, bunaithe ar thaighde a rinneadh mar chuid de dréacht-Ráiteas Socheacnamaíoch. Fuarthas 344 freagairt ar fad don suirbhé, arb ionann é, a bheag nó a mhór, agus sampla ionadaíoch lena mbaineann bailíocht staitistiúil de dhaonra chontae Chill Chainnigh (Daonáireamh 2020), agus ráta muiníne 90% agus lamháil earráide de ±4.427%. Rinneadh an sampla a ualú ag féachaint d'aois, inscne agus geografaíocht.

Tarraingíodh aird ar an suirbhé trí fheachtas fógraíochta a reáchtáil ar na meáin shóisialta, agus taifeadadh 161,686 taispeáint ar fud Chontae Chill Chainnigh. Tugadh 4,715 cuairt leathanaigh ar shuíomh gréasáin an tionscail agus bhain 3,007 úsáideoir aonair úsáid as an suíomh, fianaise ar ráta tiontaithe de 11.43%.

Chabhraigh tuilleadh ceardlann a reáchtáladh le príomhpháirtithe leasmhara na spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil a "shainmhíniú" ar bhealach níos fearr. Tacaíodh leis na ceardlanna seo trí litreacha a seoladh chuig páirtithe leasmhara (féach Aguisín 2) a eisíodh go leictreonach ó Turley Strategic Communications thar ceann Chomhairle Contae Chill Chainnigh a seoladh chuig 51 páirtí leasmhar sna hearnálacha pobail agus geilleagracha.
Roinneadh na léargais a bailíodh sa suirbhé agus i rith na gceardlann le foireann an tionscadail, grúpa comhairleach an LECP, sular forbraíodh agus sular glacadh le spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil deiridh an LECP ag comhchruinniú de SPC 1/LCDC.

Ainneoin gurb ionann comhairliúchán Chéim 2 agus an phríomhghné den chomhairliúchán poiblí eagraíodh tuilleadh comhairliúcháin
le páirtithe leasmhara idir Nollaig 2022 agus Márta 2023 chun an plean feidhmithe thosaigh don LECP a fhorbairt ina sainaithnítear gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil "a sheachadadh".




*Figiúr 2.1 An tSamhail "Double Diamond"*

## Príomhaschuir ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí

Tiomsaíodh, rinneadh anailís air agus cuireadh an t-aiseolas a bailíodh ó na cleachtaí rannpháirtíochta thuas i láthair sa Tuarascáil Chomhairliúcháin, mar thaifead den rannpháirtíocht phoiblí agus páirtithe leasmhara i bpróiseas forbartha an LECP.

Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin, cinneadh roinnt athruithe beaga a dhéanamh a bhain le foclaíocht na ndréachtspriocanna agus cuspóirí ardleibhéil. Léiríodh, áfach, go raibh daoine ag tacú go láidir leis an bPlean i bprionsabal, rud ba chúis le príomhréimsí fócais do gach sprioc a bheith á gcoimeád.

Nuair a fiafraíodh de dhaoine eolas maidir lena bhfís do Chontae Chill Chainnigh a roinnt agus a achoimriú, léiríodh tuairimí dearfacha den chuid is mó, agus leagadh béim ar an tábhacht a bhain le hoidhreacht uathúil agus earnálacha atá bunaithe sa chontae a chaomhnú agus a fheabhsú, fad is atáthar ag tacú le pobal ionchuimsitheach.

Bhí nós ag freagróirí focail cosúil le *álainn*, *stairiúil* agus *cairdiúil* a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an gcontae, agus bhí fianaise ar théamaí cosúla le fáil ina bhfíseanna féin don LECP, téamaí cosúil le tithíocht, oideachas, oidhreacht agus turasóireacht, fás geilleagrach, an pobal agus an timpeallacht. Rinneadh iarracht na tuairimí seo a bhailiú nuair a bhí an fhís don LECP á forbairt.

Rinneadh iarracht sa Phlean Feidhmithe cur leis na tuairimí níos mionsonraithe a roinn an pobal agus páirtithe leasmhara nuair a bhí na chéad iarrachtaí á ndéanamh smaointe maidir le gníomhaíochtaí a thacódh le hathrú a fhorbairt.

# Aguisín 3: Ballraíocht struchtúr ábhartha

## SPC1: Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta & Turasóireacht, Beartas Pleanála & Forbartha

**Cathaoirleach: An Comhairleoir Ger Frisby**

*Comhaltaí Tofa*

| Ainm |
|---|
| John Coonan |
| Michael Doyle |
| Pat Fitzpatrick |
| Ger Frisby |
| Michael McCarthy |
| Eugene McGuinness |
| Maria Dollard |
| Patrick O'Neill |

*Baill Ainmnithe*

| Ainm | Earnáil | Colún |
|---|---|---|
| Bill O Keeffe | Talmhaíocht/Feirmeoireacht | IFA |
| Deirdre Shine | Gnó/Tráchtáil | *Chambers Ireland* |
| Marion Acreman | Forbairt/Tógáil | *Chambers Ireland* |
| Brian Hamilton | Timpeallacht/Caomhnú | LRP |
| Fiona O Neill | Cuimsiú Sóisialta | LRP |
| Jimmy Duggan | Pobal & Deonach | LRP |
| Eileen Moyles | Ceardchumann | ICTU |

## CFPA

**Cathaoirleach: Declan Gibbons**

*Ballraíochtaí Grúpa Ainmnithe*

| Ainm an Bhaill | Comhlacht Ainmnithe – Ionadaíocht Phoiblí |
|---|---|
| Aileen McGrath | Oifig Fiontair Áitiúil |
| Michael A. Fitzgerald | Teagasc |
| Eileen Curtis | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| Sean McKeown | Comhairle Contae Chill Chainnigh ( Leaschathaoirleach ) |
| Julieanne Power | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí |
| Derval Howley | FSS - Ball comhlach |
| Martin Brett | Ionadaí Tofa |
| Michael McCarthy | Ionadaí Tofa |
| Gerard Frisby | Ionadaí Tofa |
| Joe Lyons | Ionadaí Tofa |

| Ainm an Bhaill | Grúpa Ainmnithe - Ionadaíocht Phríobháideach |
|---|---|
| Declan Gibbons | LRP-Pobal & Deonach (Cathaoirleach) |
| Mary Mescal | LRP-Pobal & Deonach |
| Angela Hayes | LRP-Cuimsiú Sóisialta |
| Toluwani Akaehomen | LRP-Cuimsiú Sóisialta |
| Paul O' Rahilly | LRP-Cuimsiú Sóisialta |
| Martin Rochford | LRP-Timpeallacht |
| Bill O'Keefe | Feirmeoirí Aontaithe hÉireann |
| John Hurley | Comhlachas Tráchtála |
| Denis Drennan | Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh |
| Sheila Donnelly | Ionaid Acmhainní do Theaghlaigh |


Ár dTodhchaí
Tuaithe
Our Rural
Future

# Aguisín 4: Ailíniú leis an RSES do Réigiún an Deiscirt

Is ionann na Treoirlínte seo agus deimhniú nach mór go mbeadh an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach (RSES) agus le croístraitéis agus croíchuspóirí an Phlean Forbartha Cathrach/Contae. Rinne an Chomhairle breithniú ar leithligh ar ailíniú le Plean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027 agus cinnteoidh go mbeidh an LECP ag tacú leis an bPlean Forbartha Contae chun a chuspóirí spásúla agus forbartha a chomhlíonadh.

Mar a shainaithnítear san LECP, áirítear sa RSES 11 ráiteas straitéise, a dheimhníonn sé atá ailínithe leis na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe trí mhaitrís atá le fáil ar leathanach 26 - 28 den doiciméad. Úsáidtear formáid den chineál céanna anseo chun Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil an LECP a shainaithint agus tá siad sin ailínithe le ráitis straitéise RSES. Is fianaise é seo go bhfuil an dá dhoiciméad ailínithe, ach cuirtear san áireamh freisin go bhfuil gnéithe den LECP, dá nádúr, ag baint le nithe nach gcuimsítear i scóip an RSES, agus atá beartaithe chun léargas díreach a thabhairt ar thosaíochtaí áitiúla tá sainaitheanta do Chill Chainnigh.

| Straitéis RSES | Sprioc Cuspóir Ardleibhéil |
|---|---|
| 1. Dlúthfhás Ár gcathracha agus ceantair uirbeacha a threisiú agus a fhorbairt; tairbhe as bhaint as an gcumhacht atá ag na 3 chathair mar bhealach chun frithchothromaíocht a chinntiú idir Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, trí fhorbairt ar ardchaighdeán; athghiniúint agus dlúthfhás; cur leis an líonra láidir bailte atá forbartha agus tacú lenár sráidbhailte agus ceantair thuaithe. | Cuspóir 1d<br>Cuspóir 3c<br>Cuspóir 9c<br>Cuspóir 10a |
| 2. Inrochtaineacht Réigiúnach Feabhsaithe: Inrochtaineacht réigiúnach a fheabhsú trí bhonneagar iompair agus nascacht dhigiteach feabhsaithe atá ailínithe le hordlathas lonnaíochta athraithe. | Cuspóir 4b<br>Cuspóir 6a |
| 3. Geilleagair agus Pobail Thuaithe Níos Láidre: Cur leis an ról agus caighdeán na beatha i gceantair agus i bpobail thuaithe éagsúla an Réigiúin a fheabhsú agus meas a léiriú ar ár Réigiún tuaithe mar Réigiún atá dinimiciúil, seasmhach agus fadbhreathnaitheach. | Cuspóir 3a<br>Cuspóir 4a<br>Cuspóir 4b<br>Cuspóir 8a<br>Cuspóir 9c<br>Cuspóir 10a |
| 4. Soghluaisteacht Inbhuanaithe: Ár gcórais iompair a athrú agus córas iompair phoiblí éifeachtach, inbhuanaithe agus chomhtháite a sholáthar, mar aon le deiseanna siúil agus rothaíochta agus feithiclí leictreacha. | Cuspóir 1d |
| 5. Geilleagar Láidir: Geilleagar iomaíoch, nuálach agus bisiúil a fhorbairt. | Cuspóir 2a<br>Cuspóir 2b<br>Cuspóir 2c<br>Cuspóir 4a |
| 6. Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán: Lántairbhe a bhaint as ár nascacht idirnáisiúnta trí infheistíocht agus acmhainn mhéadaithe i gcalafoirt agus in aerfoirt agus nascacht dhigiteach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud an réigiúin trí chéile. | Cuspóir 2c<br>Cuspóir 4b |
| 7. Éagsúlacht, Teanga, Cultúr agus Feabhsú na hOidhreachta: Éagsúlacht, teanga agus cultúr, sócmhainní áineasa agus oidhreacht náisiúnta agus thógtha an Réigiún a neartú agus a chosaint. | Cuspóir 3a<br>Cuspóir 3b<br>Cuspóir 3c<br>Cuspóir 9a<br>Cuspóir 9b |
| 8. Sochaí Ísealcharbóin, Aeráidseasmhach agus Inbhuanaithe: Ár dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú trí fhorbairt inbhuanaithe, tús áite a thabhairt do ghníomhú don athrú aeráide ar fud an Réigiún, agus dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus sochaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide. | Cuspóir 1a<br>Cuspóir 1b<br>Cuspóir 1c<br>Cuspóir 1d |
| 9. Forbairt Inbhuanaithe atá Pleanáilte agus Bunaithe ar Bhonneagar: Bonneagar agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe, pleanáilte agus bunaithe ar bhonneagar chun bainistíocht inbhuanaithe fuíolluisce agus acmhainní timpeallachta eile a chinntiú. | Cuspóir 2a<br>Cuspóir 4b |
| 10. Réigiún Sláintiúil agus Foghlama: Seirbhísí agus áiseanna feabhsaithe oideachais, sláinte agus poiblí a chur ar fáil do gach saoránach agus pobal. | Cuspóir 5a<br>Cuspóir 5b<br>Cuspóir 6a<br>Cuspóir 6b<br>Cuspóir 7a<br>Cuspóir 7b<br>Cuspóir 9c |
| 11. Réigiún Idirnáisiúnta Ionchuimsitheach: Réigiún ionchuimsitheach fadbhreathnaitheach a fhorbairt laistigh de Réigiún idirnáisiúnta ar an ardán domhanda. | Cuspóir 2c<br>Cuspóir 3b<br>Cuspóir 8b<br>Cuspóir 10b |

# Aguisín 5:
## Gluais Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| MO | Measúnacht Oiriúnach |
| CARO | Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| FGL | Forbairt ghairmiúil leanúnach |
| An | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| CYPSC | Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga |
| DCCI | Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| PFECS | Plean Forbartha Eispéiris Cinn Scríbe |
| RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| RI | An Roinn Iompair |
| RFTP | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| EI | Fiontraíocht Éireann |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| IDE | Infheistíocht Dhíreach Eachtrach |
| IAT | Ionaid Acmhainní do Theaghlaigh |
| FTTP | Cábla snáthoptaice go háitreabh |
| HI | Éire Sláintiúil |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse |
| IDA | An Ghníomhaireachta Forbartha |
| IFA | Feirmeoirí Aontaithe hÉireann |
| Comhai | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| KITE | Éabhlóid Iompair Chomhtháite Chill Chainnigh |
| CC | Cill Chainnigh |
| CLCC | Comhpháirtíocht Leader Chill |
| PTF | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
| CIDLR | Colún Cuimsithe Shóisialta LRP |
| GPLSC C | Gluaiseacht Phobal an Lucht Siúil Chill Chainnigh |
| GILSC | Grúpa Idirghníomhaireachta an |
| CFPA | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| OFÁ | Oifig Fiontair Áitiúil |
| GBRÁ | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |

| | |
|---|---|
| PSCU | Plean Straitéiseach an Cheantair Uirbigh |
| PFN | Plean Forbartha Náisiúnta |
| CNP | Creat Náisiúnta Pleanála |
| ÚNI | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| NTE | Geilleagar oíche |
| OPC | Comhairle Daoine Breacaosta |
| ONP | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| PEC | Ionad Fiontraíochta Bhaile an |
| LRP | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| PUG | Gairdín Uirbeach Poiblí |
| RAG | Dearg, Ómra, Glas |
| CRFF | Ciste Réigiúnach um Fhorbairt Fiontraíochta |
| REISS | Scéim Scóipeála Nuálaíochta Fiontair Réigiúnach |
| CAFT | An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe |
| RSES | Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach |
| SFInna | Spriocanna Forbartha |
| MST | Measúnú Straitéiseach |
| SETU | Ollscoil Teicneolaíochta an |
| SICAP | Clár Gníomhachtúcháin agus Pobail um Chuimsiú Sóisialta |
| CBS | Coiste um Beartais Straitéiseacha d'Fhorbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta & Turasóireacht, Beartas Pleanála & |
| PSUI | Plean Soghluaisteachta Uirbí |
| LLDB | Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna, Bagairtí |
| TFI | Éire Saor ó Thobac |
| TII: | Bonneagar Iompair Éireann |
| TUSLA | An Ghníomhaireacht um Leanaí |
| CAFU | An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach |
| UTT | Foireann Bhaile Áth na nUrlainn |




LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chill Chainnigh
Kilkenny Local Community Development Committee

Comhairle Chontae Chill Chainnigh
Kilkenny County Council

Kilkenny THE BEST OF IRELAND